Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2018

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

# Ardleibhéal

# SCÉIM MHARCÁLA

## 280/320 marks

*Treoracha d'Iarrthóirí*

**Roinn A** Tá **dhá cheist déag** sa roinn seo.
Freagair **deich gceist** ar bith díobh.
Tá **6 mharc** ag gabháil le gach ceist.

**Roinn B** Tá **cúig cheist** sa roinn seo.
Freagair **Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile díobh**.
Tá **80 marc** ag gabháil le **Ceist 1.**
Tá **50 marc** an ceann ag gabháil leis na **Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5**.

**Roinn C** Tá **trí cheist** sa roinn seo.
Freagair ceist **amháin** ar ábhar roghnach, ar a n-áirítear **cuid (a)** den cheist sin mar aon le **cuid (b) nó cuid (c)**.
Tá **80 marc** an ceann ag gabháil leis na hábhair **roghnacha 1** agus **3**.
Tá **40 marc** ag gabháil le hábhar **roghnach 2**.

*Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*

- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*

- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*

- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.*

# Roinn A

Freagair **deich** gceist ar bith as an roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**1.** Comhlánaigh an tábla thíos maidir le díleá na gcarbaihiodráití. (6)

| Orgán | Einsím | Substráit | Táirge |
|---|---|---|---|
| An Paincréas | *Aimileáis* | *Stáirse* | *Maltós* |
| An Stéig bheag | *Maltáis* | *Maltós* | *Glúcós* |
| | *Siúcráis* | *Siúcrós* | *Glúcós / Fruchtós* |
| | *Lachtáis* | *Lachtós* | *Glúcós / Galachtós* |

**2.** Luaigh **trí** fheidhm atá ag Vitimín C sa chorp. (6)

**(i)** *fíochán tacaíochta/collaigin a fhoirmiú;*

**(ii)** *ríthábhachtach don chóras imdhíonachta;*

**(iii)** *cabhraíonn sé chun iarann agus cailciam a ionsú; cuireann sé bac ar scorbach; cuireann sé cneasú créachtaí chun cinn; fuileadán sláintiúil a fhoirmiú; feidhmíonn sé mar fhrithocsaídeoir; tugann sé cosaint do cholaistéaról HDL; cabhraíonn sé brú craicinn a chosc; drandal sláintiúil; etc.*

**3.** Ainmnigh **dhá** phróitéin atá le fáil san fheoil. (6)

**(i)** *mióisin; aictin; glóbailin;* **(ii)** *collaigin; laistin; geilitín (sna cnámha); etc.*

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a dtéann an chócaireacht i bhfeidhm ar an bpróitéin san fheoil.

**(i)** *déantar an phróitéin a théachtadh, rud a laghdaíonn na snáithíní; tiontaítear collaigin go geilitín; imoibriú maillard – aimínaigéid agus siúcraí ar chraiceann na feola; feabhsaíonn sé an blas.*

**(ii)** *titeann na snáithíní óna chéile agus bíonn sé níos éasca an fheoil a dhíleá; nuair a dhéantar ró-chócaireacht uirthi éiríonn na snáithíní feola righin agus ní féidir í a dhíleá; etc.*

**4.** Tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag fuinneamh sa chorp. (6)

**(i)** *fás; gníomhaíocht choirp;*

**(ii)** *meitibileacht – gníomhaíocht na gceall agus néaróg; oibriú na n-orgán inmheánach go léir;*

**(iii)** *giniúint teasa agus teocht leanúnach coirp a choimeád (37°C); etc.*

**5.** Mínigh an tábhacht don tomhaltóir a bhaineann leis an tsiombail seo a leanas. (6)

*Tá táirgí bia saor ó ghlútan agus oiriúnach do dhaoine a bhfuil galar céiliach ag dul dóibh; etc.*

Ainmnigh **dhá** tháirge a n-úsáidtear an tsiombail seo ar an lipéad orthu.

**(i)** *táirgí soighe e.g. próitéin uigeach ghlasraí (TVP); rís; táirgí gráin bhuí e.g. calóga arbhair;*

**(ii)** *táirgí saor ó ghlútan a rinneadh go speisialta i.e. arán, brioscaí; pasta; pónairí bácáilte; ispíní; etc.*

**6.** Comhlánaigh an tábla thíos maidir le bia próiseáilte.
Tabhair sampla éagsúil **amháin** de bia / táirge i ngach cás. (6)

| | **Bia / Táirge** |
|---|---|
| Bianna a ndéantar próiseáil fhairsing orthu | *plúr, margairín; pasta; brioscaí; bianna áise; bainne triomaithe; cáis; iógart; anraithí; etc.* |
| Bianna a déantar próiseáil orthu chun cur leis an tseilfré atá acu | *bainne; subh/seatnaí/anlann goinbhlasta; iasc stánaithe; etc.* |
| Bianna treisithe | *arbhar bricfeasta; sár-bhainne/óimige 3; etc.* |

**7.** Mínigh **gach ceann** de na modhanna traschurtha teasa seo a leanas le linn cócaireacht bia. (6)

Seoladh: *teas a aistriú ó mhóilín bia amháin go dtí ceann eile trí chreathadh móilíní; téann an cócaireán an friochtán agus ansin téann sé sin an leacht nó an tsaill agus ansin an bia; etc.*

Comhiompar: *aistriú teasa trí shruthanna comhiompair i leacht cócaireachta nó aer, bunaithe ar an bprionsabal go n-ardaíonn aer te nuair a théitear é agus titeann sé ar fhuarú; etc.*

**8.** Luaigh an raon teochta d'fhás optamaim **gach ceann** de na grúpaí miocrorgánaigh seo a leanas. (6)

| | |
|---|---|
| Sícrifiligh | *- 5°C go 20°C* |
| Méisifiligh | *20°C go 45°C* |
| Teirmifiligh | *45°C go 75°C* |

**9.** Mol **dhá** theicstíl a bheadh oiriúnach le húsáid sa teach sa bhaile agus luaigh airí **amháin** de gach ceann acu. (6)

| **Teicstíl** | **Airí** |
|---|---|
| *Cadás* | *láidir; crochann sé go maith; ní thréigeann sé; éasca le níochán/is féidir é a thirimghlanadh; ligeann sé an t-aer tríd; éasca dath agus tuarthóir a chur ann; níl aon leaisteachas ann; laghdaíonn sé; dónn sé go héasca; caonach in ann damáiste a dhéanamh dó; tagann fithíní ann go héasca; etc.* |
| *Línéadach* | *an-láidir; buanfasach; buandathach; tagann fithíní ann go héasca mura gcóireáiltear é; éasca a níochán; ionsúiteach; d'fhéadfadh sé a bheith réamh-chraptha; etc.* |
| *Síoda* | *láidir; te; éadrom; luíonn sé go maith; ionsúiteach; is deacair fithíní a chur ann; etc.* |
| *Olann* | *te; inslithe; ionsúiteach; bog; athléimneach; buanfasach; loisctear í go héasca; déanann leamhain damáiste di; déanann níochán gan chúram damáiste di – crapann agus feiltíonn sí; etc.* |
| *Níolón* | *láidir, te; síneann sé; éadrom; etc.* |
| *Poileistear* | *láidir; te; is deacair fithíní a chur ann; etc.* |
| *Aicrileach* | *láidir; buanfasach; éadrom; is deacair fithíní a chur ann; is deacair é a chrapadh; etc.* |
| *Dralon (Veilbhit)* | *bog; te; éadrom; buanfasach; is deacair é a chrapadh; etc.* |

Ainmnigh bailchríoch dhómhoillitheach **amháin** a úsáidtear ar theicstílí tí.

*Proban; Provatex; etc.*

**10.** Mínigh conas a théann cúrsaí fógraíochta i bhfeidhm ar iompraíocht cheannaigh na dtomhaltóirí. (6)

**(i)** *cruthaíonn sé feasacht faoin táirge; feasacht brandaí; cruthaíonn sé spéis sa táirge; cruthaíonn sé riachtanas i measc tomhaltóirí an táirge a cheannach;*

**(ii)** *teicnící fógraíochta a úsáidtear chun dul i gcion ar chinntí tomhaltóirí e.g. socrú táirge; suíomh ar an tseilf; samplaí bia; greann; tacaíocht ó dhaoine mór le rá; ceol/amhráin; etc.*

**11.** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le bheith ag coigilt airgid go rialta. (6)

**(i)** *tuilleadh slándála, níos lú imní; déileáiltear níos fearr le billí gan choinne;*

**(ii)** *níos lú seans go mbeidh drochfhiacha ort; dea-shampla do leanaí; seachnaíonn a bheith ag íoc ar cairde; níos sábháilte ná airgead a choinneáil sa bhaile; etc.*

Ainmnigh **dhá** scéim choigiltis a chuireann institiúidí airgeadais ar fáil.

*Cuntas taisce prapéilimh; cuntas taisce ar fhógra; cuntas téarma speisialta; cuntas coigiltis; cuntas coigilte do mhic léinn; cuntas coigilte sóisearach; cuntas coigilte ar líne; bannaí coigiltis; cairteacha coigiltis; scéim thráthchoigilte; etc.*

**12.** Maidir le hioncam duine, mínigh **gach ceann** díobh seo a leanas: (6)

Creidmheas Cánach: *laghdaíonn sé an méid cánach ioncaim a chaithfidh duine a íoc; ríomhtar cáin ioncaim ar ollioncam agus ansin asbhaintear creidmheasanna cánach; tugtar fógra maidir le creidmheasanna cánach a chinneadh agus eisíonn na Coimisinéirí Ioncaim na scoithphointí caighdeánacha go bliantúil do gach fostaí; etc.*

MSU: *an cháin éigeantach atá iníoctha ar ollioncam; a íoctar roimh ranníocaíochtaí pinsin; ríomhtar mar % d'ioncam iomlán duine, 1% - 8%; tá fostaithe dlite ar cháin MSU a íoc más mó a n-ollioncam ná €13,000 gach bliain; gheofar díolúine má shaothraítear níos lú ná €13,000; etc.*

# Roinn B

Freagair **Ceist 1** agus **dhá cheist** ar bith eile as an roinn seo.
Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.

**1.** Is féidir le lipéadú maidir le calraí ar bhiachláir i mbialanna cuidiú le dul i ngleic leis an murtall (otracht) fiú mura dtarlaíonn ach athruithe beaga ar iompraíocht tomhaltóirí.
(*Calraí ar bhiachláir in Éirinn, FSAI*)

**Sampla de Bhiachlár Príomhchúrsa**

| | | |
|---|---|---|
| **Bradán Griollta Éireannach** Stéig de bhradán Éireannach le piobar nó le him basal nó le mil ghreamaitheach, líoma agus cillí. Prátaí óga agus piseanna in éineacht leis. **387 calra** | **Sicín Tikka Masala** Anlann uachtair tikka masala ar bhrollach sicín maranáidithe. Rís basmati, arán naan, seatnaí mangó & papadaim in éineacht leis. **883 calra** | **Iasc faoi Fhuidreamh Beorach & Sceallóga** Iasc úr faoi fhuidreamh beorach. Sceallóga, piseanna práibeacha, líomóid & anlann tartarach in éineacht leis. **880 calra** |
| **Chilli Con Carne** Cillí le mairteoil mhionaithe Éireannach. Rís basmati & criospaí tortilla in éineacht leis. **662 calra** | **Pasta agus Glasraí Rósta** Trátaí, cúirséid agus piobair in anlann trátaí ar pasta penne, agus cáis chéadair ar an mbarr. Arán gairleoige in éineacht leis. **747 calra** | **Pióg Éisc** Iasc bán, cadóg dheataithe & bradán in anlann bán uachtair le brúitín & cáis ar an mbarr. Arán úr in éineacht leis. **756 calra** |

**(a)** Agus tú ag tagairt don bhiachlár samplach thuas, déan trácht agus tabhair mionchuntas ar oiriúnacht na roghanna ar an mbiachlár do dhuine atá ar aiste bia chun meáchan a chailleadh.
I do fhreagra, mol athruithe ar na miasa le go mbeadh an biachlár níos sláintiúla. (24)

***4 phointe @ 6 mharc an ceann***

**Oiriúnacht:** *glac le tuairimí ar chomhábhair aonair i.e. luach cothaitheach/diaitéiteach i miasa; méid ar an bpláta; cion na nglasraí le feoil; bradán agus iasc (cadóg) iasc lán ola – laghdaíonn óimige 3 colaistéaról; brollach sicín – gan mórán saille; seatnaí – go leor siúcra ann; im basal – lán le saill sháithithe; prátaí/rís/arán naan/papadam/sceallóga – go leor carbaihiodráit stáirsiúil ann ar féidir í a thiontú go saill má itear an iomarca; glasraí – go leor snáithín ann; comparáid idir calraí agus bianna i miasa; modhanna cócaireachta i.e. friochadh, róstadh, bácáil, etc.*

**Athruithe:** *an t-im a fhágáil amach as mias bradáin ghriollta; arán naan nó papadaim – tabhair ceann amháin, ní an péire; rís – athraigh go rís donn, in ann thú a líonadh níos mó agus níos mó snáithín ann; úsáid uisce sóide/uisce i bhfuidreamh; tairg sailéad in ionad sceallóg/arán gairleoige/arán úr; cáis/bainne éadrom; fág an t-uachtar amach as anlann uachtair; etc.*

**(b)** Maidir le lipidí, luaigh comhdhéanamh eiliminteach na tríghlicríde **agus** déan cur síos ar a struchtúr ceimiceach. (9)

***Comhdhéanamh eiliminteach*** ***3 @ 1 mharc an ceann***
*Carbón* (*C*)*; Hidrigin*(*H*)*; Ocsaigin*(*O*);

***Struchtúr*** ***3 phointe @ 2 mharc an ceann***
*Tá **3 aigéad shailleacha** ann; **móilín gliocróil amháin;** is alcól é gliocról a bhfuil trí mhóilín OH ann; greamaíonn aigéad sailleach é féin de gach grúpa hiodrocsaile; díbrítear trí mhóilín uisce* (***comhdhlúthú***) *ag cruthú na tríghlicríde; etc.*
***Glac le léaráidí lipéadaithe go soiléir.***

**(c)** Déan cur síos ar struchtúr **gach** ceann díobh seo a leanas agus tabhair sampla **amháin** de **gach** ceann díobh:

- aigéid shailleacha sháithithe
- aigéid shailleacha mhonai-neamhsháithithe
- aigéid shailleacha pholai-neamhsháithithe. (18)

***3 phointe @ 6 mharc an ceann***

- **Aigéid shailleacha sháithithe:** *tá gach adamh carbóin **sáithithe le hidrigin**; **níl aon nasc dúbailte** idir na hadaimh carbóin; **carbocsailghrúpa** ag foirceann amháin agus **meitilghrúpa** ag an bhfoirceann eile etc.*
  **Sampla:** *aigéad bútrach; aigéad stéarach; etc.*

- **Aigéid shailleacha monai-neamhsháithithe:** ***níl** gach adamh carbóin **sáithithe le hidrigin**; tá **nasc dúbailte amháin** idir na hadaimh carbóin; **carbocsailghrúpa** ag foirceann amháin agus **meitilghrúpa** ag an bhfoirceann eile etc.*
  **Sampla:** *aigéad oiléach; etc.*

- **Aigéid shailleacha pholai-neamhsháithithe** *(PUFAnna): **níl** gach adamh carbóin **sáithithe le hidrigin;** tá **níos mó ná nasc dúbailte amháin** idir na hadaimh carbóin; **carbocsailghrúpa** ag foirceann amháin agus **meitilghrúpa** ag an bhfoirceann eile etc.*
  **Sampla:** *líonoiléach; líonóiléineach; aracadónach; etc.*

***Glac le léaráidí lipéadaithe go soiléir***

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann le haigéid shailleacha sa réim bia. (9)

***3 phointe @ 3 mharc an ceann***
*Bíonn **aigéid shailleacha neamhsháithithe** (aigéid chis-sailleacha) úsáideach de ghnáth mar go gcabhraíonn siad le LDL a laghdú agus le HDL a mhéadú; etc. Creidtear go méadaíonn **aigéid thras-sailleacha** minicíocht galar corónach croí – méadaíonn siad leibhéil LDL a fhágann colaistéaról ar bhallaí artairí; laghdaíonn siad HDL a bhaineann colaistéaról as imshruthú; le linn cócaireachta, agus próiseála d'fhéadfaí aigéid chis-sailleacha a chomhshó ina n-aigéid thras-sailleacha; etc. Méadaíonn **aigéid shailleacha sháithithe** leibhéil colaistéaról LDL agus laghdaíonn siad leibhéil colaistéaról HDL, rud a mhéadaíonn baol galar*

*corónach croí; etc. Laghdaíonn* ***aigéid shailleacha óimige 3*** *an baol go dtarlóidh taom croí, stróc, galair imshruthaithe, cruthú téachtán fola, laghdaíonn siad an baol go dtarlóidh ailsí áirithe; bíonn siad nasctha le gníomhaíocht inchinn shláintiúil; cosc ar eachma; etc. ní féidir* ***aigéid shailleacha riachtanacha*** *– líonoiléach, líonóiléineach agus aracadónach – a chruthú sa chorp, dá bhrí sin, ní mór iad a fháil ó bhia; etc.*

**(e)** Is é an aidhm atá ag na lipéid ar bhia ná eolas a chur ar fáil do thomhaltóirí a d'imreodh tionchar orthu agus iad ag déanamh cinneadh faoi na rudaí a cheannóidh siad.

Chomh maith leis eolas faoi chothaithigh ar bhia réamhphacáistithe, pléigh na cúiseanna a mbreathnaíonn tomhaltóirí ar lipéid bhia sula gceannaíonn siad iad. (20)

***5 phointe @ 4 mharc an ceann***

*Faisnéis faoin táirge; líon na gcalraí; comhábhair shonracha; faisnéis maidir le hailléirginí; an dáta faoinar cheart é a úsáid/ar fearr é a úsáid roimh; breiseáin bhia; bunús; an méid salainn/saille/siúcra sa bhia; treoracha cócaireachta; treoracha stórála; bianna géinmhodhnaithe; bia ionradaithe; an méid a chuirtear chun boird; lógónna sláinte; sonraí teagmhála; etc.*

**2.** Tá a lán daoine aonair agus teaghlach ann a roghnaíonn réim bia veigeatórach.

**(a)** Maidir le réimeanna bia veigeatóracha pléigh na nithe seo a leanas:

- aicmí / cineálacha
- sainriachtanais chothaithe na réimeanna bia
- na buntáistí le réim bia veigeatórach.

**aicmí / cineálacha**: ***3 phointe @ 3 mharc an ceann*** (9)

***Veigeán****: ní itheann sé táirgí bainne, déirí, uibheacha, feoil ná iasc; ní itheann sé ach bianna plandaí amháin; etc.* ***lachtveigeatóir:*** *ní chuireann sé uibheacha, feoil ná iasc sa réim bia; bíonn bainne agus táirgí déirí mar chuid de; etc.* ***lachtveigeatóir uibheacha:*** *ní itheann sé feoil ná iasc; ólann sé bainne, itheann sé táirgí déirí agus uibheacha; etc.* ***veigeatóir uibheacha:*** *itheann sé uibheacha ach ní itheann sé táirgí déirí ná feoil; etc.* ***veigeatóir éisc:*** *ní itheann sé feoil; itheann sé iasc, bainne, táirgí déirí, uibheacha agus éineoil; etc.* ***veigeatóir circeola:*** *ní itheann sé feoil dhearg ná iasc; itheann sé éineoil, uibheacha, bainne agus táirgí déirí; etc.*

**sainriachtanais chothaithe na réimeanna bia**: ***4 phointe @ 3 mharc an ceann*** (12)

*Ba cheart go mbeadh na grúpaí bia go léir le feiceáil i ngach béile, ag leanúint phirimid an bhia veigeatóraigh; ag cur na próitéine ó léagúim, planda piseánach, pónairí soighe, cnónna, arbhair san áireamh etc.; áirigh Vitimín B – úsáid táirgí slánghráinneach e.g. rís donn; úsáid bianna veigeáin atá treisithe e.g. bainne soighe, arbhair bricfeasta nó tóg forbhianna B12; cailciam – áirigh cáis, bainne, iógart i réimeanna bia lachtveigeatóra i gcomhair cailciam agus próitéine; is féidir le veigeáin bianna malartacha ar dhéirí a úsáid e.g. bainne soighe; má tá iarann uait cuir arbhair bhricfeasta treisithe san áireamh, glasraí dúghlasa, táirgí slánghráinneacha, torthaí triomaithe, pónairí; úsáid bainne soighe, tófú agus TVP in ionad bainne, cáise agus feola; úsáid leatháin ghlasraí, olaí, ciúbanna stoic ghlasraí agus agar in ionad geilitín; úsáid ola ghlasraí in ionad saill ainmhíoch; áirigh luibheanna agus spíosraí i miasa chun blas a chur orthu; déan iarracht táirgí treisithe i gcomhair veigeán a úsáid; etc.*

**na buntáistí le réim bia veigeatórach:** ***3 phointe @ 3 mharc an ceann*** (9)

*Níos folláine toisc nach bhfuil an oiread saill sháithithe ann; go leor snáithín ann mar sin níl an baol maidir le galar corónach croí agus neamhoird den phutóg chomh hard; má itear táirgí úra fágann sin nach n-itear an oiread breiseán; ní fhaigheann ach líon beag veigeatóirí diaibéiteas; mar gheall ar an líon mór torthaí/glasraí níl an baol murtaill chomh hard; níos lú salainn; níos saoire; etc.*

**(b)** Ainmnigh **dhá** bhia núíosacha (mhalartacha) próitéine is féidir a úsáid i réimeanna bia veigeatóracha agus déan cur síos orthu. (8)

***2 phointe @ 4 mharc an ceann***

**(Ainm =** ***2 mharc*****, Cur síos =** ***2 mharc*****) X 2**

***Tófú:*** *an gruth ó phónairí soighe a dhéantar as bainne soighe; leamh ach is féidir leis a bheith deataithe nó a chur ar bogadh i maranáid; déantar é trí bhainne soighe a threamhnú agus bloic bhrúite a dhéanamh de na gruthanna a thagann as; etc.* ***Bainne soighe:*** *déantar é trí phónairí soighe a chur ar bogadh in uisce; á meilt le huisce ar bogadh; etc.* ***Iógart soighe:*** *bainne soighe coipthe; etc.* ***Teimpé:*** *déanta as pónairí soighe cócaráilte agus coipthe; níor*

*mhór duit é a chogaint; etc.* ***Próitéin Uigeach Ghlasraí:*** *déanta as pónairí soighe, cócaráilte agus triomaithe; etc.* ***Miso:*** *taos déanta as pónairí soighe measctha le rís, salann agus uisce, agus coipthe ansin; etc.* ***Quorn:*** *déanta as míceapróitéin (fungais) agus a dhíoltar mar bhia atá réidh le cócaráil cosúil le feoil mhionaithe; etc.*
***Glac le:*** *táirgí soighe.*

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar dhéantús / tháirgeadh bia núíosach (malartach) próitéine **amháin**. (12)

**Ainm:** ***2 mharc;*** **Sonraí:** ***5 phointe @ 2 mharc an ceann***

**TVP:** *Déantar pónairí soighe a scileadh agus baintear an ola astu; meiltear na pónairí agus déantar plúr astu; baintear an carbaihiodráit**;** ola glasraí, blasóir, blastanas, breiseáin chothaitheacha (B12, meitiainín, iarann) curtha leis; meascán téite agus easbhrúite; ciúbaithe nó mionghearrtha (feoil mhionaithe); triomaithe; pacáilte agus lipéadaithe; etc.*

**Míceapróitéin:** *déantar an fungas* (*fusarium gramineurum*) *a choipeadh sa riocht is fearr; déantar cealla a shábháil, a scagadh agus a dhraenáil; úsáidtear albaimin chun na leatháin fungais a cheangal le chéile; cuirtear blasóir agus dathú leis; tugtar uigeacht dó le bheith cosúil le feoil; déantar sliseanna nó ciúbanna de nó déantar é a stialladh agus a ghalú chun an ceanglóir a shocrú; pacáilte agus lipéadaithe; etc.*

**3.** Ní bheifí in ann cuid mhór táirgí próiseáilte nua-aoiseacha a dhéanamh, ar nós bianna gan mórán calraí, sneaiceanna agus bianna saoráideacha atá réidh le hithe, gan breiseáin bhia a úsáid.

**(a)** Cad is bia próiseáilte ann?

***1 phointe @ 4 mharc***

*Is ionann bia próiseáilte agus aon bhia a ndearnadh athrú ar bhealach éigin air nuair a bhí sé á ullmhú; is féidir le próiseáil bhia a bheith an-bhunúsach amhail bia a reo, a chur i stán, a bhácáil, agus a thriomú; níl an bia próiseáilte ar fad mífholláin ach bíonn go leor siúcra, salainn agus saille i gcuid den bhia; etc.*

Déan meastóireacht ar na buntáistí a bhaineann le bianna próiseáilte a bheith san áireamh sa réim bia. (20)

***4 phointe @ 4 mharc an ceann***

**Buntáistí:** *bíonn an bia sábháilte le hithe dá bharr; sábhálann sé am agus fuinneamh sa bhaile; cruthaítear táirgí nua bia; roghanna bia níos folláine; cuireann sé éagsúlacht leis an réim bia; méadaítear seilfré bia; cinntítear go mbíonn rogha leathan ann ar feadh na bliana ar fad; deis foirtilithe; etc.*

**(b)** Tabhair cuntas faisnéiseach faoi bhlasóirí **agus** faoi fhrithocsaídeoirí.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- aicmí / cineálacha
- samplaí
- feidhmeanna
- úsáid. (20)

**Blasóirí =** ***10 marc***

| ***2 aicme @ 1 mharc an ceann*** | ***2 shampla @ 1 mharc an ceann*** | ***2 úsáid @ 1 mharc an ceann*** | ***2 fheidhm @ 2 mharc an ceann*** |
|---|---|---|---|
| Nádúrtha | *Siúcra;* | *Subh, pónairí stánaithe, arbhair; etc.* | *Chun blas a chur ar bhia leamh;*<br><br>*in ionad blasanna a chailltear sa phróiseáil;*<br><br>*chun blas an bhia a fheabhsú; etc.* |
| | *Salann;* | *Cáis, im, bianna áise; etc.* | |
| | *Spíosraí, luibheanna; etc.* | *Táirgí feola, anlainn, ciúbanna stoic; etc.* | |
| Saorga | *Aicéatáit eitile;* | *Blas rum;* | |
| | *Aicéatáit aimile;* | *Blas piorra;* | |
| | *Beansaildéad* | *Blas silíní;* | |
| | *Maltól;*<br>*Eistir; aildéad; etc.* | *Earraí bácáilte; etc.*<br>*Cácaí; etc.* | |
| Blasmhéadaitheoirí E600-699 | *Glútamáit MhonasóidiamE621* | *Anraithí, anlainn, ciúbanna stoic; béilí ullmhaithe; etc.* | |

**Glac le:** *Milsitheoirí; etc*

**ocsaídeoirí = *10 marc***

| ***2 aicme/chineál @ 1 mharc an ceann*** | ***2 shampla @ 1 mharc an ceann*** | ***2 úsáid @ 1 mharc an ceann*** | ***2 fheidhm @ 2 mharc an ceann*** |
|---|---|---|---|
| Nádúrtha | *Aigéad ascorbach/Vitimín* C, *Tócaifearól/Vitimín E (E306), etc.* | *Deochanna torthaí, olaí glasraí, subha; etc.* | *Cuireann siad cosc ar bhréine i gcás ina milltear bia trí imoibriú le hocsaigin; laghdaíonn siad dramhbhia; tá seilfré níos faide ag bia; etc.* |
| Saorga | *BHA (E320), BHT (E321), etc.* | *Ciúbanna stoic, leathán cáise, guma coganta, brioscáin, olaí cócaireachta, iasc stánaithe, etc.* | |

**(c)** Mínigh conas a dhéantar úsáid na mbreiseán bia a rialáil le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh (AE). (10)

***2 phointe @ 5 mharc an ceann***

*Liosta de bhreiseáin cheadaithe a ndearnadh tástáil orthu; tá uimhir E ag gabháil le gach breiseán ceadaithe (cé is moite de bhlasóirí); ní mór an uimhir E nó ainm a chur ar lipéid; níor chóir go laghdódh breiseáin an luach cothaitheach; ní féidir iad a úsáid chun lochtanna a cheilt; ní féidir leo a bheith guaiseach don tsláinte; ní fhéadfaidh siad an tomhaltóir a chur amú; ní mór gan a úsáid ach an chuid is lú ar fad le bheith éifeachtach; ní cheadaítear dathúcháin i dtorthaí úra, glasraí, feoil, éineoil, iasc; ní cheadaítear leasaithigh, BHA, BHT agus dathúcháin i mbia naíonán; ní cheadaítear milseoirí i mbia naíonán ná leanaí óga; déanann an Coiste Eorpach Eolaíochta don Bhia (SCF) tástáil ar bhreiseáin; glacann an SCF comhairle ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) agus an Comhchoiste Saineolaithe maidir le Breiseáin i mBia (JECFA); tá an FSAI (Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann) freagrach as úsáid shábháilte breiseán bia a fhorfheidhmiú in Éirinn; etc.*

**4.** Is é atá i gceist le teicneolaíocht an bhaile chliste ná uathoibriú agus bainistíocht a dhéanamh ar do theach agus ar do ghnáthshaol laethúil.

**(a)** Pléigh conas a chuir an teicneolaíocht le bainistíocht éifeachtach an tí sa bhaile. (20)

***5 phointe @ 4 mharc an ceann***

*Laghdaíonn fearais an t-ualach oibre; níl siad chomh dian ar shaothar; feabhsaíonn siad an caighdeán saoil ag baile toisc go gcuirtear tascanna i gcrích go tapa; éasca aire a thabhairt do tháirgí gan an oiread cothabhála ag teastáil uathu; méadú ar éifeachtacht roinnt tascanna e.g. galghlantóirí; úsáid sliseanna ríomhaire i bhfearais tí; dearadh fearas; córais uathoibrithe – geataí leictreonacha, soilsiú slándála, aláraim bhuirgléireachta, CCTV; amadóirí oighinn; aipeanna chun soilse, teas a chur ar siúl; úsáid pacáistí ríomhairí i gcomhair cuntas agus buiséadú, baincéireacht ar líne; siopadóireacht ar an idirlíon; cumarsáid trí Skype, na meáin shóisialta; etc.*

**(b)** Leag amach sonraí staidéir a rinne tú maidir le fearas cuisniúcháin.

Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- prionsabal na hoibríochta ***4 phointe @ 3 mharc an ceann***
- treoirlínte maidir lena úsáid ***3 phointe @ 2 mharc an ceann***
- gnéithe nua-aoiseacha ***2 phointe @ 2 mharc an ceann*** (22)

***Prionsabal na hoibríochta:*** *tá cuisneán sa* ***chomhbhrúiteoir*** *ag bun an chuisneora – Freon 12/leacht amóinia/iseabúitiléin; cuireann mótar an comhbhrúiteoir ag obair rud a bhrúnn an cuisneán isteach sa chomhdhlúthadán; fuaraíonn an* ***comhdhlúthadán*** *an cuisneán gásach, comhdhlúthaíonn sé é go leacht; bogann an cuisneán go dtí an* ***galaitheoir*** *áit a ndéantar gás arís de; galaíonn an leacht de réir mar a thógtar teas ó chófra an chuisneora, fuaraíonn sé sin an cuisneoir; filleann an cuisneán go dtí an comhbhrúiteoir agus tosaíonn an timthriall arís; nasctar* ***teirmeastat*** *leis an gcomhbhrúiteoir agus coinnítear teocht inmheánach idir 3°C - 4°C laistigh den chuisneoir ach an mótar a chur ar siúl agus a mhúchadh de réir mar is gá; etc.*
***Glac le léaráidí lipéadaithe go soiléir.***

***Treoirlínte maidir lena úsáid:*** *ná hoscail é mura bhfuil gá leis, ardaíonn sé an teocht rud a chuireann brú ar an mótar; fuaraigh bia sula gcuireann tú sa chuisneoir é ionas nach n-ardóidh an teocht; clúdaigh bia ionas nach dtriomóidh sé agus nach scaipfidh blas ó bhia eile; stóráil iasc/feoil amh faoi bhia cócaráilte/déirí chun traséilliú a sheachaint; úsáid bia ar bhonn rothlaithe chun nach ngabhfaidh sé amú agus nach mbeidh an dáta caite air; ná pacáil an iomarca bia le chéile ionas go mbeidh an t-aer in ann dul timpeall ann; etc.*

**Gnéithe nua-aoiseacha:** *dáileoir deochanna fuaraithe; seilfeanna le geata le haghaidh rudaí arda; doras cuisneora comhtháite ag meaitseáil dhoirse na gcófraí sa chistin; taispeáint teochta digití; déantóir oighir inmheánach nó seachtrach; cuisniú criosaithe, dí-reo uathoibríoch; cuisneoirí gan sioc; socruithe i gcomhair fuarú tapa; bratú frithbhaictéarach; soilsiú LED; aláram; tarraiceáin faoi rialú bogthaise; cuisneoirí cliste; etc.*

**(c)** Déan meastóireacht ar ról na lipéad fuinnimh agus fearais tí á roghnú agat. (8)

***2 phointe @ 4 mharc an ceann***

*Tugann lipéadú fuinnimh tomhaltas fuinnimh an fhearais le fios – rátáilte idir A-G, úsáideann fearais A-rátáilte an líon is lú leictreachais rud a chiallaíonn go bhfuil siad níos saoire le hoibriú; ní chruthaíonn siad an oiread díobhála don chomhshaol; úsáideann fearais G-rátáilte an méid is mó leictreachais, agus fágann sin go bhfuil siad ar an gcuid is daoire le hoibriú; déanann siad an díobháil is mó don chomhshaol; tugann an lipéadú faisnéis ar chumas fearais; cur síos ar an torann a astaítear i deicibeil; líon bia úr agus bia reoite a stóráiltear i lítir do chuisneoirí agus comhfhearais; etc.*

**5.** 'Ní aon rud is fearr a nochtann anam sochaí ná an tslí a gcaitear leis na leanaí'.
(*Nelson Mandela*)

**(a)** Sainaithin agus mínigh cearta na leanaí i sochaí an lae inniu. (16)

***4 phointe @ 4 mharc an ceann***

*Ceart chun beatha; ainm agus náisiúntacht; oideachas; saol an teaghlaigh; súgradh agus caitheamh aimsire; caighdeán maireachtála sách maith; cosaint ar mhí-úsáid agus ar dhíobháil fhisiceach, mhothúchánach, ghnéasach; an ceart chun timpeallachta ina dtugtar aird ar a riachtanais fhisiceacha, shíceolaíocha, shóisialta agus oideachais; ceart chun grá, ceana agus tuisceana; sábháilteacht; cosaint ar leithcheal, cruálacht agus dúshaothrú; etc.*

**(b)** Pléigh na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le coimhlint idir ógánaigh (déagóirí) agus daoine fásta.
Mol straitéisí chun an choimhlint seo a réiteach.

**Cúiseanna:** ***3 phointe @ 4 mharc an ceann*** (12)

**Cúiseanna:** *ionchais arda ó thuismitheoirí; obair scoile; úsáid fóin; torann; cara fir/mná; an eaglais/creideamh; dreach pearsanta; caitheamh tobac, ólachán, úsáid drugaí; mímhacántacht; etc.*

**Straitéisí:** ***3 phointe @ 4 mharc an ceann*** (12)

**Straitéisí:** *na fadhbanna a shainaithint – a bheith soiléir agus gonta, ná déan iarracht an iomarca fadhbanna a réiteach in aon iarraidh amháin; éist le comhbhá; úsáid ráitis "mé"; cuir do mhothúcháin in iúl go soiléir; cruthaigh línte cumarsáide; úsáid idirbheartaíocht; úsáid modhanna dearfacha; féach ar cheist ón dá thaobh; tar ar chomhréiteach; faigh cabhair ó dhuine muinteartha nó ó chara nach bhfuil aon bhaint dhíreach acu leis an gcás; comhairleoireacht; etc.*

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar an gcosaint atá ar fáil do theaghlaigh faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976. (10)

***2 phointe @ 5 mharc an ceann***

*Má thagann deireadh le caidreamh ní mór cothabháil a íoc le céile cleithiúnach/páirtí sibhialta mura bhfuil na hacmhainní airgeadais acu tacú leo féin; má thagann deireadh le caidreamh caithfear cothabháil a íoc leis an tuismitheoir atá mar chaomhnóir ag an leanbh/na leanaí cleithiúnach(a) fiú má tá an bheirt ag cur fúthu faoi aon díon amháin; mura féidir teacht ar réiteach faoi chothabháil caithfidh siad freastal ar an gcúirt dúiche agus iarratas a dhéanamh ar ordú cothabhála; féadfar Ordú um Astú Tuillimh a dheonú má theipeann ar an gcéile taca cothabháil a íoc, asbhaintear airgead óna phá/pá agus íoctar é díreach leis an gcéile cleithiúnach; etc.*

## Roinn C

Freagair **ceist roghnach amháin** as an roinn seo.

## Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **1(a) agus 1(b) nó 1(c)** a fhreagairt.

**1.(a)** De réir fhigiúirí na Príomh-Oifige Staidrimh, bhí 896 teaghlach gan dídean ar an oíche a rinneadh an daonáireamh agus bhí 1,726 leanbh san áireamh sna teaghlaigh sin.
(*An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016*)

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar na riachtanais tithíochta a theastaíonn chun freastal ar na daoine atá gan dídean. (16)

***4 phointe @ 4 mharc an ceann***

*Foscadh rialta e.g. brú, leaba is bricfeasta éigeandála nó cóiríocht phríobháideach le háiseanna seomra folctha/cithfholcadáin; stóráil shlán d'earraí; príobháideachas – leaba dá gcuid féin agus áiseanna gléasta príobháideacha; áiseanna comhroinnte e.g. cistin nó seomra teilifíse roinnte; teacht ar áiseanna níocháin éadaí; láithreáin stad le seirbhísí do thithe soghluaiste; etc.*

**(ii)** Tabhair cuntas faisnéiseach ar chaighdeán na cóiríochta a chuirtear ar fáil i n**gach** ceann de na hearnálacha tithíochta seo a leanas:

- tithíocht san earnáil phríobháideach / tithe úinéir-áitithe
- tithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach. (18)

**tithíocht san earnáil phríobháideach/tithe úinéir-áitithe:**

***3 phointe @ 3 mharc an ceann***

*Is féidir le cáilíocht tithe príobháideacha bheith éagsúil ag brath ar an mbliain inar tógadh iad; tarlúint níos minice de dhroch-chaighdeán i seantithe mar gheall ar an easpa caighdeán maidir le hinsliú, taisdíonadh agus aerú ag an am a tógadh; in go leor seanteaghaisí tá daoine breacaosta a bhfuil cónaí orthu ina n-aonar agus ioncaim sheasta acu nach bhfuil in acmhainn deisiúchán agus uasghráduithe; tá caighdeán níos airde ar thithe a tógadh le blianta beaga anuas mar gheall ar rialacháin foirgníochta níos déine – an tAcht um Rialacháin Foirgníochta 1991; leis an Scéim Ráthaithe Náisiúnta um Thógáil Tithe "Homebond" déantar cinnte go bhfuil caighdeán ard cáilíochta ann; insliú maith, leibhéil arda compoird, téamh criosaithe; etc.*

**tithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach:**

***3 phointe @ 3 mharc an ceann***

*Reachtaíocht – san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha 2001 leagtar síos íoschaighdeáin do chóiríocht ar cíos, tá roinnt cóiríochta a thairgtear ar dhroch-chaighdeán agus ní thugtar luach ar airgead léi; braitheann an méid cíosa a ghearrtar ar éileamh agus soláthar, cáilíocht agus méid an fhoirgnimh, áiseanna; déantar cinnte leis na rialacháin go gcomhlíonann aonaid réadmhaoine ar cíos íoschaighdeáin fhisiceacha; ceanglaíonn na rialacháin ar an tiarna talún a chinntiú go bhfuil riocht ceart struchtúrach ar an aonad réadmhaoine, an t-aonad réadmhaoine a chothabháil, a chinntiú go bhfuil riocht maith ar sholáthairtí gáis/leictreachais, a chinntiú go bhfuil dóthain aeraithe agus soilse i ngach seomra; ní mór uisce te agus fuar a chur ar fáil; ní mór go mbeadh seomraí folctha agus cithfholcadáin in ord maith oibre; ní mór go mbeadh dóthain áiseanna cócaireachta ann; ní mór leictreachas, soilse, aerú agus téamh a chur ar fáil; etc.*

**(iii)** Pléigh an tábhacht a bhaineann le caighdeáin tógála tithe agus tú ag tagairt don chaoi a rialaítear caighdeáin tógála. (16)

***4 phointe @ 4 mharc an ceann***

*Riachtanach chun iasacht a fháil; sábháilteacht; inbhuanaitheacht – tithe buana, arna dtéamh ag modhanna inbhuanaithe; neamhdhíobhálach don chomhshaol; etc.*
*An Scéim Ráthaithe Náisiúnta um Thógáil Tithe* (*Homebond*) *– tógálaithe cláraithe, cigireacht déanta ar an teach 3 huaire le linn foirgníochta, eisítear teastas foirgníochta má chomhlíonann an teach an caighdeán riachtanach, ráthaíonn an deimhniú i gcoinne cailliúint éarlaise má bhreithnítear an tógálaí mar fhéimheach; i gcoinní lochtanna móra struchtúracha laistigh de 10 mbliana; bíonn sé ina choinníoll ag go leor gníomhaireachtaí iasachtaithe go mbeadh teastas Homebond ag gabháil le tithe nua; is iad an Roinn Comhshaoil a ritheann an scéim; etc. Acht na Rialachán Foirgníochta 1991 – leagtar amach ann rialacha a bhaineann le cúrsaí dearaidh agus tógála tithe lena chinntiú go mbíonn tithe ina n-áiteanna cónaithe sábháilte agus compordacha do chónaitheoirí; baineann rialacháin leis na hábhair arna n-úsáid, caighdeáin tógála, insliú, téamh, soilse, aerú agus diúscairt dramhaíola; etc.Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh* (*BER*)*– sonraítear léi nach mór go dtaispeánfaí Teastas um Rátáil Fuinnimh* (*BER*) *le gach teach atá ar fáil le ceannach nó tógáil ar cíos; tugtar ráta ó A-G don teach, is iad na tithe ag a bhfuil ráta A na cinn is éifeachtúla ó thaobh fuinnimh; is iad na tithe ag a bhfuil rátaí G na cinn is lú éifeachtúlachta ó thaobh fuinnimh; etc.*

**agus**

**1.(b)** Is foinse stíle agus áilleachta é clúdach an urláir má roghnaítear go cúramach é agus cuireann sé feabhas ar aeistéitic an tseomra.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** thoisc ba chóir a chur san áireamh nuair a bhíonn clúdaigh urláir á roghnú agat don teach sa bhaile. (12)

***4 phointe @ 3 mharc an ceann***

*Costas; feidhm an tseomra; éascaíocht cothabhála/glanta; aeistéitic; sábháilteacht; fo-urlár; etc.*

**(ii)** Déan cur síos ar **thrí** chineál urlárlach / clúdaigh urláir le húsáid sa teach sa bhaile. Liostaigh na hairíonna atá ag **gach** ceann díobh. (18)

**(Cur síos: *4 mharc, 2 airí @ 1 mharc an ceann*) *x 3***

| Urlár / clúdach urláir | Airíonna |
|---|---|
| *Tíleanna ceirmeacha – déanta d'uisce, de chré agus de mhianraí; is féidir leo a bheith glónraithe nó neamhghlónraithe; éagsúlacht méideanna agus cruthanna; etc.* | *Buanfasach; éasca le glanadh; éasca le cothabháil; raon dathanna, dearaí agus méideanna; crua faoin gcos; smálfhriotach; tinedhíonach; fuar; scoiltear/scealptar go héasca; etc.* |
| *Leac/cloch ghearrtha – cruthanna éagsúla; dathanna nádúrtha; d'fhéadfadh go mbeadh uigeachtaí míchothroma orthu; etc.* | *Buanfasach; fuar faoin gcos; scealptar go héasca; etc.* |

| | |
|---|---|
| *Scláta – mínghráinneach, carraig mheiteamorfach dhuillithe; etc.* | *Buanfasach; te faoin gcos, uigeacht mhíchothrom; dathanna dubha; beagáinín súiteach; éasca le glanadh; etc.* |
| *Marmar/trabhairtín e.g. aolchloch mhínphróiseáilte sna tíleanna agus sna leaca aonair; bréidíní datha; etc.* | *Fuar faoin gcos; scealptar go héasca; ar fáil i raon dathanna; etc.* |
| *Cairpéad cloiche – meascán bunaithe ar ghairbhéal doirte ar an bhfo-urlár agus séalaithe agus é cruaite; etc.* | *Buanfasach; éasca le glanadh; éasca le cothabháil; raon dathanna, dearaí agus méideanna; crua faoin gcos; etc.* |
| *Mósáicí – meascán de ghloine, miotal, roisín agus cloch in uigeachtaí agus i ndathanna éagsúla; etc.* | *Maisiúil; buanfasach; etc.* |
| *Adhmad: stráice – stráicí crua-adhmaid e.g. dara, feá, mailp nó bogadhmad e.g. péine, sprús, teanga agus eitre chun críoch mhín a dhéanamh; bíonn na stráicí éagsúil ó thaobh tiúis; d'fhéadfadh siad bheith déanta d'adhmad ceart nó lannaithe le veinír phlaisteach; etc.*<br>*Urlár Iontlaise Bloic – bloic de chrua-adhmad leagtha i bpátrún cnámh scadáin; etc.*<br>*Mósáic – bloic de chrua-adhmad leagtha i bpátrún fí chise; etc.* | *Tarraingteach; buanfasach; cothabháil éasca; bíonn an chuid is mó réamhshéalaithe; glórmhar; fuar; éasca le marcáil agus le scríobadh; etc.* |
| *Vinil: roisín, plaisteachán, lí agus líonach curtha le chéile faoi theas agus brú ar thaca alcaildíonach; d'fhéadfadh go mbeadh taca cúir air le haghaidh tiús breise; d'fhéadfadh pátrúin a bheith marmarach, go mbeadh flioscaí orthu; cabhartha, féitheach nó stríocach; leatháin nó tíleanna; etc* | *Te agus bog faoin gcos; bíonn marthanacht éagsúil ag brath ar thiús; loisctear agus leáitear nuair a chuirtear faoi theas; éasca le glanadh agus le cothabháil; frithsmálta; éagsúlacht mhór dathanna, dearaí agus uigeachtaí; ciúin; etc.* |
| *Cairpéad: fite – déantar caitín ábhair a fhí ar thaca heiseáin; ligeann caitín gearrtha le fí Axminster do raon neamhtheoranta dathanna agus dearaí; le snáithe leanúnach fí Wilton cuirtear teorainn le líon na ndathanna; cairpéad níos tibhe; etc.*<br>*Dosach – dois de chaitín curtha i dtaca fite, coimeádta in áit le greamachán agus tacaithe le cúr; tíleanna cairpéid – grádaithe mar éadrom, measartha trom agus ginearálta; 100% olla; 80% olla agus 20% níolóin; etc.* | *Rogha leathan dathanna, pátrún agus uigeachtaí; inslitheoir maith agus maolaire torainn maith; neamhsciorrach; éasca le cothabháil; buanfasach; etc.* |

**Glac le:** *corc; líonóil; coincréit; etc.*

**nó**

**1.(c)** Cuireann an fuinneamh inbhuanaithe feabhas ar shaol daoine, is foinse compoird agus áisiúlachta é agus freagraíonn sé dúshláin timpeallachta.

(*Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann*)

**(i)** Ainmnigh agus mionphlé ar **trí** fhoinse de sholáthar fuinnimh don teach sa bhaile. Déan trácht ar inbhuanaitheacht **gach ceann** de na foinsí fuinnimh seo. (15)

***3 phointe @ 5 mharc an ceann***

*Áirítear le* **breoslaí iontaise** *gual, ola, gás, móin agus úráiniam* (*a úsáidtear chun fuinneamh núicléach a dhéanamh, a úsáidtear chun leictreachas a ghiniúint*); etc.
**Leictreachas:** *gintear é i stáisiúin chumhachta trí bhreoslaí iontaise a dhó* (*acmhainní neamh-inathnuaite*) *nó le fuinneamh gréine*, ***cumhacht ghaoithe*** *agus* ***hidreachumhacht*** (*foinsí in-athnuaite*)*; iontaofa; glan; ar fáil go héasca; éifeachtúil; gan mhúch; etc.* **Inbhuanaitheacht:** *ní rithfidh an leictreachas féin amach, níl sé inbhuanaithe foinsí neamh-inathnuaite a úsáid chun leictreachas a ghiniúint mar go bhfuil breoslaí iontaise ag ídiú agus nach féidir iad a athsholáthar; etc.*

**Ola:** *amhola nach mór a mhínghlanadh sula n-úsáidtear í; úsáidtear í do théamh agus cócaireacht; luach ard téimh; glan, ní dhéanann mórán dramhaíola ná truaillithe nuair a dhóitear í; déanann doirteadh ola dochar don chomhshaol; etc.* **Inbhuanaitheacht:** *neamh-inathnuaite; tá cúltaiscí ola teoranta; etc.*

**Gás:** *gás nádúrtha píobaithe i dtír i bpíobáin faoi thalamh chuig tithe ar an eangach náisiúnta; gás peitriliam leachtaithe seolta go humair tí nó díolta i mbuidéil; éifeachtúil má úsáidtear le haghaidh téimh agus cócaireachta; níos glaine ná breoslaí iontaise eile; déanann 70% níos lú dé-ocsaíd charbóin ná gual nó ola; contúirteach; etc.* **Inbhuanaitheacht:** *neamh-inathnuaite; tá cúltaiscí teoranta agus ní féidir iad a athsholáthar; etc.*

**Fuinneamh gréine:** *cruthaithe agus solas lonrach nó teas ón ngrian á úsáid; is féidir fuinneamh ón ngaoth agus ón mbáisteach a úsáid freisin; 3 chóras – ailtireacht éighníomhach gréine, téamh gníomhach gréine, córas fótavoltach gréine; deontais ar fáil; gan astaíochtaí ar bith; bíonn sé costasach ar dtús córais a cheannach; etc.*
**Inbhuanaitheacht:** *in-athnuaite – soláthar gan teorainn; etc.*

**Geoiteirmeach:** *tógann teas ó screamh an domhain; costéifeachtach agus iontaofa; gan aon astaíochtaí; etc.* **Inbhuanaitheacht:** *an-inbhuanaithe, bailíonn caidéil teasa teas ón timpeallacht; etc.*

**Glac le:** *gual; móin; bithfhuinneamh; adhmad; hidreachumhacht; fuinneamh gaoithe; etc.*

**(ii)** Tabhair cuntas ar na hastaíochtaí a tháirgtear mar thoradh ar bhreoslaí a dhó sa teach sa bhaile **agus** ar an gcaoi a dtéann na hastaíochtaí seo i bhfeidhm ar an timpeallacht. (15)

***3 phointe @ 5 mharc an ceann***

**Astaíochtaí:** *dé-ocsaíd charbóin* (*$CO_2$*)*; aon-ocsaíd charbóin; gal uisce; etc.* **Éifeacht:** *téamh domhanda; athrú aeráide; etc.*

**Astaíochtaí:** *dé-ocsaíd sulfair* (*$SO_2$*)*; aon-ocsaíd nítrigine* (*$NO_2$*)*; etc.* **Éifeacht:** *báisteach aigéadach – dochar do phlandaí agus barra, speicis éisc i mbaol agus éiceachórais scriosta; astaíochtaí díobhálacha e.g. tagann dé-ocsaíd charbóin agus dé-ocsaíd sulfair le chéile le gal uisce agus mar thoradh air sin tarlaíonn deascadh aigéadach agus Ph 4.1 air; laghdaíonn sí*

*Ph ithreach, a chuireann isteach ar fhás; tuaslagann sí carbónáit chailciam, scriostar foirgnimh stairiúla, déantar dochar d'obair phéinte, do ghloine dhaite agus creimtear miotal; etc.*

***Toitcheo agus deatach:*** *deatach ó dhó breoslaí iontaise scaoilte isteach san atmaisféar; measctar le ceo agus mar thoradh air tarlaíonn toitcheo; etc.* **Éifeachtaí:** *laghdú ar thaitneamh na gréine a mbíonn éifeachtaí aige ar fhás plandaí; déanann sé áit níos dorcha; etc.*

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **2(a) agus 2(b) nó 2(c)** a fhreagairt.

**2.(a)** 'Is nós é an faisean, maireann an stíl laistigh den duine.' (*Oscar de la Renta*)



(*Adored Vintage: Runway Report/Sonia Rykiel*)

**(i)** Déan measúnú ar an ról atá ag faisean mar léiriú ar an bpearsantacht, agus tú ag tagairt don phictiúr thuas. (15)

***3 phointe @ 5 mharc an ceann***

*Léirítear pearsantacht duine trína chuid éadaí; d'fhéadfadh stíl a bheith réchúiseach, faiseanta nó foirmiúil; is féidir giúmar a chur in iúl trí éadaí – féadann culaith dhubh drochghiúmar a léiriú, féadann dathanna giúmar sona a léiriú mar a fheictear leis an ngúna bláthach; roghnaíonn go leor ban éadaí* ***clasaiceacha*** *a chaitheamh ar féidir cuma níos tanaí agus níos airde a chur orthu agus ar mhaith le simplíocht, a bheith chic, agus chun aird a tharraingt ar a bpearsantacht; suaitheantas stíle; etc. cloíonn an té a dtaitníonn faisean* ***rómánsúil*** *leis le dathanna pastalacha, priontaí páislig agus polcaphoncanna; etc. Leanann* ***pearsantacht faisin fhaiseanta*** *blagálaithe le haghaidh treochtaí reatha e.g. sciortaí gearra, sála arda, brístí giortaithe; léirítear pearsantachtaí sa rogha oiriúintí mar a thaispeántar le húsáid criosanna agus málaí; etc. Is fearr le* ***pearsantacht faisin réchúiseach*** *bríste géine, brístí, léinte – stíl réchúiseach agus chompordach; etc.*

**(ii)** Déan anailís ar na slite a mbíonn tionchar ag an teicneolaíocht ar dhearadh agus ar dhéanamh éadaí. (10)

***2 phointe @ 5 mharc an ceann***

*Dearadh ríomhchuidithe; forbairt ábhar nua e.g. scúba, líocra; bailchríocha ábhair; seónna faisin idirnáisiúnta, faisin an tséasúir nua a thaispeáint – seoltar íomhánna trí fhóin chuig irisí ionas go bhfeicfear na treochtaí ar an mórshráid níos luaithe; blagálaithe; etc.*

**agus**

**2.(b)** Is acmhainn inbhuanaithe iad snáithíní nádúrtha ar féidir iad a úsáid gan ídiú ná damáiste a dhéanamh ar an timpeallacht.

**(i)** Déan snáithíní nádúrtha a aicmiú, agus tabhair samplaí **agus** feidhmeanna i ngach cás. (9)

***3 phointe @ 3 mharc an ceann***

***Ainmhí:*** *olan; síoda;* ***Planda:*** *cadás; línéadach;*
**Feidhmeanna:** *earraí tí e.g. cuirtíní, cúisíní, éadaí leapa; etc. éadaí e.g. gúnaí, bristí, léinte, éadaí oíche, etc.*

**(i)** Mínigh conas is féidir snáithíní a aithint le tástáil dócháin. Tabhair sampla **amháin**. (6)

***3 phointe @ 2 mharc an ceann***

*Is féidir snáithíní a aithint le* ***bladhm*** *e.g. dónn cadás agus línéadach go tapa agus bíonn an bhladhm buí; dónn poileistear go tapa; bíonn olann ag cráindó agus bíonn an bhladhm mall agus ag preabarnach; etc.* ***boladh*** *e.g. olann/síoda – cleití ag dó; cadás – páipéar dóite; poileistear – boladh beagáinín milis; etc. le* ***luaith*** *e.g. olann – dubh, is féidir í a bhrú; cadás/línéadach – luaith liath; síoda – dóitear mar bhraoiníní dubha; poileistear – braoinín crua ciorclach briosc agus dubh; etc.*

**nó**

**2.(c)** Léiríonn patrún tráchtála fís an dearthóra don fheisteas.

**(i)** Mol cúiseanna a gcaithfí mionathrú a dhéanamh ar phatrúin tráchtála uaireanta. (9)

***3 phointe @ 3 mharc an ceann***

*Chun oiriúint do chruth nach réitíonn le cruth coirp caighdeánach e.g. chun fad a chur leis; chun leithead a chur leis; chun pátrún a laghdú; roghanna pearsanta difriúla; etc.*

**(ii)** Déan cur síos ar mhodh **amháin** le mionathrú a dhéanamh ar phatrún tráchtála. (6)

***3 phointe @ 2 mharc an ceann***
**(Modh:** ***2 mharc,*** **Cur síos:** ***2 phointe @ 2 mharc an ceann*****)**

*Pátrún tráchtála a fhadú nó a ghiorrú; fadaigh – gearr trí na línte athraithe agus cuir isteach páipéar síoda; tarraing arís na línte fuála nó feistithe; laghdaigh pátrún – cuir filleadh i gceann de na línte athraithe; leath den mhéid a bhfuil tú ag iarraidh a laghdú; greamaigh an filleadh le biorán; etc.*

# Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta (80 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **3(a) agus 3(b) nó 3(c)** a fhreagairt.

**3.(a)** Tá an t-éileamh ar an oideachas ag fás. Is iad na daoine is fearr a n-éiríonn leo i gcúrsaí oideachais, is fearr n-éiríonn leo ó thaobh na heacnamaíochta de.

(*Education at a Glance 2017, OECD*)

**(i)** Ainmnigh **dhá** chlár a chuirtear ar fáil san oideachas dara leibhéal **agus** déan cur síos orthu.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- an curaclam a chuirtear ar fáil
- córas mheasúnaithe / scrúdaithe. (20)

***2 chlár @ 10 marc an ceann***

**(Ainm: *2 mharc;* curaclam: *4 mharc;* córais mheasúnaithe/scrúdaithe: *4 mharc*) *x 2***

**An Teastas Sóisearach:** *Cúrsa 3 bliana le scrúduithe; curaclam leathan; ábhair éigeantacha agus roghnacha; difreáil leibhéil; etc.* **Measúnú:** *déantar ábhair a scrúdú le meascán de scrúduithe scríofa ag an deireadh, d'obair phraiticiúil agus tionscadail; scrúduithe ag ardleibhéal agus gnáthleibhéal; Matamaitic agus Gaeilge ar fáil ag bonnleibhéal; etc.*

**Sraith Shóisearach**: *clár nua ina bhfuil sonraíochtaí ábhair nua agus gearrchúrsaí; is é an aidhm ná eolas scoláirí a leathnú agus a dhoimhniú, muinín, cruthaitheacht, cumarsáid, scileanna pearsanta agus sóisialta a fhorbairt; dírítear ar an litearthacht agus an uimhearthacht agus ar phríomhscileanna; cuir chuige nua i leith measúnú agus tuairisciú; tugtar an bunús do scoileanna cláir oideachais d'ardchaighdeán, uilechuimsitheacha agus ábhartha a phleanáil; feabhsaítear taithí foghlama do gach scoláire, scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta acu san áireamh; etc.* **Measúnú:** *déanfar measúnuithe rangbhunaithe do gach ábhar; áirítear le measúnú tascanna tionscadail, tascanna teanga labhartha, imscrúduithe, staidéar allamuigh agus taibhléiriú ealaíonta; tar éis an dara measúnú rangbhunaithe*(MRB), *déanfaidh na scoláirí tasc measúnaithe scríofa ar a bhfuil foghlamtha acu agus na hinniúlachtaí atá forbartha acu sa mheasúnú sin; déanfar an tasc measúnaithe scríofa chomh maith leis an scrúdú deiridh ag deireadh an tríú bliain agus marcálfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit é; etc.*

**Clár Idirbhliana:** *dírithe ar scoláirí, spreagtar féinfhorbairt; níl sé dírithe ar scrúduithe; níl aon churaclam socraithe; raon leathan ábhar nach ábhair scrúdaithe stáit iad ar fáil e.g. drámaíocht, fiontraíocht etc.; is é an aidhm ná forbairt phearsanta a chur chun cinn; forbairt scileanna i smaointeoireacht chruthaitheach agus chriticiúil, cumarsáid, obair foirne, taighde agus ceannaireacht trí thaithí oibre saoil agus duine fásta a chuimsiú; etc.* **Measúnú:** *leanúnach i bhfoirm tionscadail, punainne, obair bhéil, scríofa agus phraiticiúil; táirgeann roinnt scoileanna scrúduithe* (*TF*) *e.g. ECDL; etc.*

**Clár na hArdteistiméireachta:** *clár dhá bhliain, agus scrúduithe stáit ag deireadh an dara bliain; 5 ábhar ar a laghad lena n-áirítear Béarla, Gaeilge agus Matamaitic; difreáil leibhéil – ardleibhéal, gnáthleibhéal, bonnleibhéal; etc.* **Measúnú:** *déantar ábhair a scrúdú le meascán de scrúduithe scríofa ag an deireadh, obair chúrsa phraiticiúil agus obair tionscadal; leithdháiltear luach pointe do ghráid, ar féidir a úsáid chun dul isteach san oideachas tríú leibhéal; etc.*

**Gairmchlár na hArdteistiméireachta:** *déanann scoláirí staidéar ar 5 ábhar ardteistiméireachta lena n-áirítear dhá ghairmábhar; trí nascmhodúl éigeantach – oideachas fiontraíochta, ullmhú i gcomhair oibre, taithí oibre; etc.* **Measúnú:** *measúnaithe le scrúdú scríofa (40%) agus obair phunainne (60%); bronntar pas, pas le tuillteanas nó pas le gradam; is féidir an toradh a úsáid in ionad aon ábhar Ardteistiméireachta amháin (le haghaidh pointí); etc.*

**Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí:** *clár dhá bhliain, bunaithe ar mhodúil, roinnte i 4 mhodúl leath-bhliana; is féidir an clár a úsáid chun dul isteach i gcúrsaí iar-Ardteistiméireachta; etc.* **Measúnú:** *déantar measúnú leanúnach agus scrúduithe scríofa agus béil ag deireadh an dara bliain; déantar tascanna praiticiúla le linn na chéad bhliana agus an dara bliain, measúnaithe ar bhonn tuarascála scríofa agus agallaimh; etc.*
**Glac le:** *cúrsaí iar-Ardteistiméireachta; etc.*

**(ii)** Déan anailís ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar an méid a bhaintear amach i gcúrsaí oideachais. (15)

***3 phointe @ 5 mharc an ceann***

*Intleacht/cumas aonair; dearcadh i dtreo oideachais; tionchar an teaghlaigh; timpeallacht bhaile; eitic oibre; méid teaghlaigh; scoil a bhfuiltear ag freastal uirthi – ceantar áitiúil agus timpeallacht scoile; piarghrúpa; tacaíocht do riachtanais speisialta; etc.*

**(iii)** Déan an comhionannas deise san oideachas dara leibhéal a mheas agus tagairt agat do mhic léinn atá i mbaol a bheith faoi mhíbhuntáiste agus a bheith á n-eisiamh go sóisialta. (15)

***3 phointe @ 5 mharc an ceann***

***Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS)*** *– plean gníomhaíochta a ceapadh chun líon na luathfhágálaithe scoile a laghdú, soláthraíonn na scoileanna rannpháirteacha clár um chríochnú scoile le tionscnaimh mar chlubanna obair baile, tacaíocht tar éis scoile agus cláir mheantóireachta, clár béilí scoile, rochtain ar sheirbhísí idirchaidrimh teagmhála baile, scoile agus an phobail, scéim deontas do leabhair scoile; etc.* ***Tacaíocht Foghlama:*** *tarraingt siar ón rang le haghaidh teagasc breise le múinteoirí acmhainne; etc.* ***Cúntóirí Teanga:*** *cabhair leis an nGaeilge i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna; etc.* ***Cúntóirí Riachtanas Speisialta/Cúntóirí Tacaíochta Cuimsithe:*** *cúnamh duine le duine sa rang; etc.* ***Acmhainní Breise:*** *e.g. ríomhaire glúine; léitheoir/scríobhaí nó am breise chun an páipéar a dhéanamh; freastalaíonn cóimheas níos lú dalta is múinteora do dhaltaí ag a bhfuil deacrachtaí foghlama éadroma/measartha; seomraí ranga speisialta do leanaí a bhfuil Uathachas orthu agus aon mhúinteoir amháin in aghaidh gach seisear leanaí; freastalaíonn cláir mar Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh* (*JCSP*) *agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach* (LCA) ar *scoláirí mar go mbíonn na curaclaim bunaithe níos mó ar mheasúnú agus dírítear ar dhomhan na hoibre; scoileanna do leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta 5-18 mbliana ag a bhfuil deacrachtaí foghlama, scoileanna do leanaí lagamhairc agus lagéisteachta; etc.*

**agus**

**3.(b)** Tá an obair dheonach ina hábhar saibhris i saol na ndaoine a dhéanann é agus sa phobal ina gcónaíonn siad.

**(i)** Pléigh, le samplaí, conas is féidir le pobal tairbhe a bhaint as an obair a dhéanann oibrithe deonacha. (15)

***3 phointe @ 5 mharc an ceann***

**Pobal:** *cuirtear raon seirbhísí ar fáil go tapa dóibh siúd a bhfuil gá leo i bpobal i.e. daoine breacaosta, daoine faoi mhíchumas nó daoine gan dídean, míbhuntáiste a laghdú do bhaill den phobal; cur leis an obair arna ndéanamh ag comhlachtaí reachtúla; seirbhís áitiúil níos pearsanta a thairiscint e.g. Cumann Naomh Uinseann de Pól; nuair atá easpa maoiniú stáit nó nuair nach leor é eagraíonn agus ritheann siad seirbhísí arbh ceart don stát a sholáthar; feabhsaíonn an pobal tríd an tírdhreach áitiúil a thógáil ar ais agus a ghlanadh nó trí bhochtaineacht agus fadhbanna sóisialta a mhaolú; cruthaítear mothú spiorad pobail, agus oibrithe deonacha ag teacht le chéile chun sprioc roinnte a bhaint amach e.g. bailte slachtmhara; cairdis déanta ar féidir mothú dáimhe a chruthú sa phobal; is féidir aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna go tapa sula mbeidh siad ina bhfadhbanna sóisialta móra; aird na meán a tharraingt, is féidir athrú agus leasú sóisialta a spreagadh; etc.*

**(ii)** Mínigh conas is féidir le oibrí deonach tairbhe phearsanta a bhaint as a bheith rannpháirteach i dtionscadail phobail. (15)

***3 phointe @ 5 mharc an ceann***

**Oibrí deonach:** *tugann luach saothair, cuireann le mothú go bhfuil rud éigin fiúntach déanta, féinmheas agus an t-eolas go bhfuil ról dearfach glactha sa phobal; cabhraíonn le forbairt phearsanta ó thaobh cumarsáide, oibre foirne, scileanna eagraíochta agus idirphearsanta, a bheidh chun tairbhe dóibh i bhfostaíocht íoctha; tugann léargas agus taithí; forbraíonn comhbhá le daoine nach bhfuil na deiseanna céanna acu; déantar cairdeas le comhghleacaithe agus leo siúd a ndéantar iarracht cabhrú leo; etc.*

**nó**

**3.(c)** Tá an fhóillíocht ina gné thábhachtach den ghnáthshaol laethúil agus ina phríomhghné d'fholláine iomlán an duine.

**(i)** Pléigh fiúntas na fóillíochta i sochaí an lae inniu. (15)

***3 phointe @ 5 mharc an ceann***

*Cuireann le forbairt shóisialta, mhothúchánach, fhisiceach agus intleachta duine; tugtar suaimhneas agus laghdaíonn an strus ón saol laethúil; cabhraíonn le scileanna nua a fhorbairt; spreagann folláine fhisiceach; is féidir idirghníomhú sóisialta a mhéadú; etc.*

**(ii)** Déan anailís ar na tosca sóisialta agus cultúrtha a mbíonn tionchar acu ar rogha gníomhaíochtaí fóillíochta an duine aonair. (15)

***3 phointe @ 5 mharc an ceann***

***(1 thagairt do shóisialta, 1 thagairt do chultúrtha, móide 1 phointe eile)***

**Sóisialta:** *gníomhaíochtaí fóillíochta an ghrúpa shocheacnamaíoch a bhfuil duine ina bhall de; stadas; gníomhaíochtaí áitiúla sa cheantar; ioncam/airgead ar fáil; treochtaí fóillíochta, tionchar daoine cáiliúla; etc.*

**Tionchair Chultúrtha:** *gníomhaíochtaí áirithe nasctha le ceantair/tíortha áirithe e.g. iománaíocht in Éirinn, cispheil i SAM* (*USA*)*; tionchar ag cultúr sa teaghlach ar ghníomhaíochtaí fóillíochta; mar gheall ar Éirinn ilchultúrtha tá raon níos leithne de ghníomhaíochtaí fóillíochta ar fáil; etc.*

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 320 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

Leathanach Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# An Ardteistiméireacht, 2018

# Aistriúchán Ar Scéim Mharcála

## Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

## Obair Chúrsa sa Staidéar Bia

# Critéir Ghinearálta Mharcála don Obair Chúrsa Phraiticiúil sa Staidéar Bia

**Fiosrúchán: Anailís / Taighde – 32 mharc**

**Taighde agus anailís** **= 24**

***Banda A 19 - 24 mharc* (*an-mhaith - ar fheabhas*)**
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht chríochnúil*** *agus* ***anailís chuimsitheach*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go díreach le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón thaighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir / miasa / táirgí á roghnú.*

***Banda B 13 - 18 marc* (*an-ábalta - go maith*)**
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *agus roinnt* ***anailíse*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón thaighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir / miasa / táirgí á roghnú.*

***Banda C 7 - 12 mharc* (*bunúsach - ábalta*)**
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá réasúnta cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina baintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir / miasa / táirgí á roghnú.*

***Banda D 0 - 6 mharc* (*an-bhunúsach - teoranta*)**
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise ar* ***thuiscint an-bhunúsach theoranta*** *ar phríomhriachtanais an taisc*
- *ina bhfuil cuid den eolas nó an t-iomlán de éiginnte agus gan ach cuid de cruinn; easpa comhleanúnachais sa chur i láthair*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir / miasa / táirgí á roghnú.*

**Gach Tasc:** *biachlár do lá áirithe / béilí 2 chúrsa / 1 mhias / 2 mhias / 2 tháirge.* **= 4**

***Más rud é nach ndéantar fiosrúchán faoin mias a ullmhaítear -1/-2/-4 marc san fhiosrúchán.***
(*biachlár – cúrsa tosaigh / milseog = 1 mharc, príomhchúrsa = 1 mharc*)

*béilí / miasa / táirgí oiriúnacha agus aird á tabhairt ar chúinsí a aithníodh agus a ndearnadh anailís orthu san fhiosrúchán*
***Ní mór biachláir / príomhchúrsa / miasa a bheith cothromaithe –*** *glac le 3 cinn as 4 ghrúpa bia*

**Foinsí:** ***2 fhoinse @ 2 mharc an ceann*** **= 4**

**Ullmhúchán agus Pleanáil - 8 marc**

**Acmhainní:**

- comhábhair (2 mharc), cainníochtaí (2 mharc), costáil (2 mharc), trealamh (2 mharc) **= 8**
- AOP E – táirge/táirgí (2 mharc), trealamh (6 mharc)

**Cuir i bhFeidhm - 28 marc**

Breac-chuntas ar an modh oibre a leanadh ar a n-áirítear próisis ullmhaithe bia, am cócaireachta, teocht, riar / cur i láthair, blaiseadh / measúnú. **= 16**
(*Ba choir go mbeadh an t-eolas / an cuntas i bhfocail an iarrthóra féin*)

***Banda A 13 - 16 mharc* (*an-mhaith - ar fheabhas*)**
*Aithnítear gach céim riachtanach in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad i bhfocail an iarrthóra féin, san ord ceart agus tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

***Banda B 9 - 12 mharc* (*an-ábalta - go maith*)**
*Aithnítear formhór na gcéimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

***Banda C 5 - 8 marc* (*bunúsach - ábalta*)**
*Aithnítear roinnt céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

***Banda D 1 - 4 mharc* (*an-bhunúsach - teoranta*)**
*Ní aithnítear aon cheann de na céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, nó ní aithnítear ach beagán díobh, ní dhéantar achoimre orthu ná ní chuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

**Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh** ***2 phointe @ 4 mharc an ceann*** **= 8**
(caithfidh baint a bheith acu leis an mias / tástáil áirithe)
*Aithint* (*2 mharc*) *agus* ***míniú soiléir ar thábhacht*** (*2 mharc*) ***dhá chúinse*** *a cuireadh san áireamh a raibh baint* ***chriticiúil acu leis an gcaoi ar éirigh leis an mias****.*

**Sábháilteacht / sláinteachas** ***2 phointe @ 2 mharc an ceann*** **= 4**
(caithfidh baint a bheith acu le comhábhair áirithe atá in úsáid / leis an mias atá á cócaráil)
*Aithint* (*1mharc*) *agus míniú* (*1 mharc*) *ar príomh-shaincheist sábháilteachta* ***amháin agus*** *an phríomh-shaincheist* ***amháin*** *a cuireadh san áireamh nuair a bhí an mhias á hullmhú agus á cócaráil / an tástáil á dhéanamh.*

**Measúnú - 12 marc**

***3 phointe @ 4 mharc an ceann*** **= 12**

An tasc a mheasúnú de réir na dtéarmaí seo a leanas:

**Cur i bhfeidhm**

***Banda A - 4 mharc*** - *aithníodh agus rinneadh anailís ar láidreachtaí / dúshláin sainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh mionathruithe go soiléir nuair a moladh iad, rinneadh anailís chriticiúil ar úsáid acmhainní / ar phleanáil.*
***Banda B - 3 mharc*** - *aithníodh láidreachtaí / dúshláin sainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh méid áirithe na mionathruithe a moladh, rinneadh anailís theoranta ar úsáid acmhainní / ar phleanáil*
***Banda C - 2 mharc*** - *rinneadh iarracht éigin láidreachtaí / dúshláin a aithint nuair a bhí an tasc á dhéanamh, níor cosnaíodh mionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh tagairt d'úsáid acmhainní / do phleanáil.*

**Sainriachtanais** an taisc

***Banda A - 4 mharc*** - *tarraingítear conclúidí eolasacha i ndáil le príomhriachtanais an taisc*
***Banda B - 3 mharc*** - *tarraingítear conclúidí teoranta i ndáil le príomhriachtanais an taisc*
***Banda C - 2 mharc*** - *déantar achoimre ar thorthaí i ndáil leis an tasc.*

**Réimse Cleachtais A: Prionsabail an Chothaithe a Chur i bhFeidhm**
**Tasc 1**

| |
|---|
| *Tá an réim bia agus an stíl mhaireachtála an-tábhachtach do shláinte na máthar le linn di a bheith ag iompar agus do shláinte an linbh le linn dó a bheith ag forbairt ina dhiaidh sin.*<br><br>Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus ar na treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do mhná le linn dóibh a bheith ag iompar.<br>Agus tú ag tagairt do na tosca atá aitheanta agat sa taighde, mol réimse biachlár (dhá chúrsa) a bheadh oiriúnach mar bhéile tráthnóna do bhean atá ag iompar.<br>Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann **amháin** de na miasa príomhchúrsa a d'fhiosraigh tú sa taighde.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc. **2018** |

**Príomhriachtanais an taisc:**
- *riachtanais chothaithe / chothaitheacha agus béilí á bpleanáil* ***do mhná nuair atá siad ag iompar clainne***
- *treoirlínte pleanála béilí ábhartha agus tagairt ar leith do* ***mhná atá ag iompar clainne***
- *raon biachlár* (*dhá chúrsa*) *do bhéile tráthnóna do bhean atá ag iompar clainne*
- *mias phríomhchúrsa roghnaithe de phríomhbhéile an lae* (*ó bhiachlár*).

**Fiosrúchán**
**Riachtanais chothaithe / chothaitheacha:** r*iachtanais agus tagairt ar leith do* ***mhná nuair atá siad ag iompar*** *e.g. cothromaíocht chothaitheach; riachtanais laethúla mhicrea / mhacrachothaithigh lena n-áirítear riachtanais phróitéine le go bhfásfaidh fíochán an fhéatais i gceart; carbaihiodráit le haghaidh fuinnimh; snáithín chun cosc a chur ar iatacht; aigéid shailleacha leis an néarchóras a fhorbairt; ba chóir go mbeadh na riachtanais chailciam dhá oiread níos mó ná mar a fhaigheann mná nach bhfuil ag iompar clainne; iarann d'fhuil shláintiúil – laghdaíonn sé seo an baol le hainéime a fháil le linn a bheith ag iompar clainne; cailciam / fosfar le cnámha láidre a fhás; vitimín C / ionsú iarainn; vitimín D / ionsú cailciam; vitimín B do scaoileadh fuinnimh; fóláit / aigéad folach chun an leanbh a chosaint ó fhabhtanna néarfheadáin a fhorbairt; cothromaíocht fuinnimh vis a vis leibhéil ghníomhaíochta; etc.*

**Treoirlínte pleanála do bhéilí:** *úsáid phirimide bia le cothromaíocht a chinntiú; col agus bá phearsanta; athruithe i mblasanna agus aimirní; droch-fhrithghníomh i gcoinne bianna; méideanna beaga ar phláta a ithe; an iomarca caiféine a sheachaint; mothálacht i leith bolaithe – d'fhéadfadh bianna lán de shaill agus spíosraí a bheith ina gcúis le haigéad sa ghoile a scaoileadh agus masmas / tinneas maidine; laghdaíonn bianna fuara an taithí maidir le bolaithe a fháil; bia lán de shaill a sheachaint chun cosc a chur ar an iomarca méadú meáchain; bianna nach bhfuil cileacalraí iontu a sheachaint i.e. lán le siúcra, d'fhéadfaí diaibéiteas chineál 2 a fháil dá bharr; bianna lán de spíosraí / blastanais a sheachaint chun cosc a chur ar dhó croí; bianna lán le snáithín a chur san áireamh chun cosc a chur ar iatacht; méid salainn a thógtar a choimeád chomh beag agus is féidir chun an baol maidir le hardbhrú fola a laghdú; bianna neamhbhlasta / simplí a chur san áireamh e.g. craicir / tósta; is fearr béilí beaga ag teacht go dtí deireadh na tréimhse de bheith ag iompar clainne; bianna treisithe a ithe e.g. sárbhainne / gránaigh le haghaidh cothaitheach bhreise; maonáis, uachtar reoite, cáiseanna neamhphaistéartha a sheachaint mar b'fhéidir go mbeidh baictéir nimhiú bia – listéire agus salmonella; etc.*

**Miasa a roghnaíodh**
- raon biachlár (dhá chúrsa) oiriúnach do bhéile tráthnóna
- caithfidh siad freastal ar na riachtanais chothaitheacha do bhean atá ag iompar clainne
- caithfidh príomhchúrsa a bheith ann.

**Measúnú** (riachtanais shainiúla an taisc)
*Anailís ar thátail maidir le riachtanais chothaitheacha de raon mias / béilí do bhean atá ag iompar clainne. Treoirlínte pleanála béilí – raon mias / béilí oiriúnach do bhean atá ag iompar clainne etc., an chaoi a bhfreastalaíonn an mhias roghnaithe ar na riachtanais de réir mar a aithnítear iad san fhiosrúchán; etc.*

**Tasc 2**

| |
|---|
| *I dtreoirlíne nua de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO), moltar do dhaoine fásta agus do leanaí an méid siúcraí saora a thógann siad gach lá a laghdú go dtí níos lú ná 10% dá n-iontógáil iomlán fuinnimh.* (*An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2015*)<br>Agus tú ag tagairt don ráiteas thuas, pléigh na rioscaí sláinte a bhaineann le réim bia ina bhfuil ardleibhéal siúcra. Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus ar na treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú do dhaoine ar mian leo an méid siúcra atá ina réim bia a laghdú.<br>Agus na cúinsí a d'aithin tú i do chuid taighde á gcur san áireamh agat, mol raon de mhiasa milseoige / de mhiasa milseoige mionathraithe a bheadh oiriúnach do dhuine a bhfuil diaibéiteas air/uirthi **nó** do dhuine ar mian leis/léi an méid siúcra a thógann sé/sí a laghdú.<br>Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann **amháin** de na miasa milseoige a d'fhiosraigh tú.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc. **2018** |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *rioscaí sláinte a bhaineann le réim bia ina bhfuil ardleibhéal siúcra*
- *riachtanais chothaithe agus treoirlínte pleanála béilí do dhaoine ar mian leo an méid siúcra atá ina réim bia a laghdú*
- *raon de mhiasa milseoige / miasa milseoige mionathraithe a bheadh oiriúnach do dhuine a bhfuil diaibéiteas air/uirthi* ***nó*** *do dhuine ar mian leis/léi an méid siúcra a thógann sé/sí a laghdú*
- *mias mhilseoige* (*aitheanta sa taighde*).

**Fiosrúchán**

**Rioscaí sláinte a bhaineann le réim bia ina bhfuil ardleibhéal siúcra:** *méadú meáchain / otracht (murtall); galar cardashoithíoch e.g. galar croí; stróc; ardbhrú fola; leibhéil siúcra fola arda; diaibéiteas chineál 2; meath na bhfiacla; etc.*

**Riachtanais chothaithe / chothaitheacha**: *cothromaíocht chothaitheach; riachtanais laethúla mhicrea / mhacrachothaithigh lena n-áirítear riachtanais phróitéine / saille / carbaihiodráite / iarainn / cailciam de réir mar is cuí; GI (innéacs glicéime) íseal / bianna ina bhfuil a lán snáithín a scaoileann glúcós de réir a chéile thar tréimhse roinnt uaireanta an chloig ionas nach mbíonn an méid sin insline ag teastáil; caithfidh daoine a bhfuil diaibéiteas orthu a bheith ar an eolas faoi líon iomlán na gcarbaihiodráití a thógann siad (siúcra agus stáirse); vitimín C / ionsú iarainn; vitimín D / ionsú cailciam; treoirlínte cothaitheacha reatha maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; etc.*

**Treoirlínte pleanála béilí:** *úsáid phirimide bia lena chinntiú go mbíonn béilí cothromaithe ann; béilí a ithe go rialta le hipiglicéime a sheachaint agus sneaic amháin nó níos mó le gníomhú insline a uasmhéadú / an méid a bhogann leibhéil siúcra fola a laghdú; sneaiceanna sláintiúla a bheith ann leis na leibhéil siúcra fola agus fuinnimh a choinneáil socair; tá roghanna deochanna chomh tábhachtach céanna leis na roghanna bia; coinnigh súil ar mhéid na saille sáithithe in oidis nach bhfuil mórán siúcra ann e.g. tá a lán saillte sáithithe in ola chnó cócó; siúcraí saorga a úsáid i dtae / caife; bianna mínphróiseáilte ina bhfuil carbaihiodráití agus bianna próiseáilte a sheachaint (bíonn GI níos airde acu); íslíonn próitéin agus saill GI an bhia atá lán le carbaihiodráití; teorainn a chur ar bhianna milse / ina bhfuil a lán siúcra a ithe; torthaí i gcannaí ina sú féin seachas i síoróip a cheannach; gránaigh a bhfuil a lán snáithín iontu a roghnú seachas na cinn a bhfuil a lán siúcra iontu; úsáid a bhaint as modhanna cócarála sláintiúla i.e. galú, etc.; tugann siúcraí saorga blas milis do bhia ach bíonn beagán éifeachta nó ní bhíonn éifeacht ar bith acu ar na leibhéil ghlúcóis; seiceáil na lipéid a bhíonn ar bhia le haghaidh siúcraí e.g. siúcrós, glúcós, fruchtós, etc.; bianna saoráideacha a sheachaint; níos mó bia baile a thabhairt isteach; béilí a phleanáil roimh ré; etc.*

**Raon de mhiasa milseoige / miasa milseoige mionathraithe:**

**Mias a roghnaíodh** - *ní féidir mórán siúcra / gan aon siúcra / mionathraithe ó thaobh siúcra de a bheith i gceist.*

**Measúnú** (riachtanais shainiúla an taisc)
*Anailís ar thátail ar an méid a d'fhoghlaim tú ón bhfiosrúchán maidir le pointí le cur san áireamh do dhaoine ar mian leo siúcra a laghdú ina réim bia; an chaoi a bhfreastalaíonn an mhias roghnaithe ar na riachtanais a aithníodh san fhiosrúchán etc.*

**Réimse Cleachtais B: Ullmhú Bia agus Próisis Chócaireachta**
**Tasc 3**

| |
|---|
| *Tá sé coitianta anois giosta a úsáid sa bhácáil sa bhaile mar thoradh ar chláir chócaireachta ar an teilifís.*<br><br>Déan taighde ar an úsáid a bhaintear as giosta mar ghníomhaí ardúcháin sa bhácáil sa bhaile.<br>Déan tagairt dóibh seo a leanas: na cineálacha giosta a úsáidtear, na bunphrionsabail agus samplaí de na miasa.<br>Déan iniúchadh agus mionléiriú ar na príomhphointí ba chóir a leanúint lena chinntiú go n-éireoidh leis an mbácáil sa bhaile nuair a bhíonn giosta in úsáid.<br>Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann **amháin** de na miasa (milis nó neamh-mhilis) sa taighde a rinne tú.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm, **(b)** leis an mbuntáiste **nó** leis an míbhuntáiste a bhaineann le giosta a úsáid sa bhácáil sa bhaile, agus **(c)** costas na méise i gcomparáid le táirge tráchtála den chineál céanna. **2018** |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *taighde ar na cineálacha giosta a úsáidtear*
- *na bunphrionsabail de ghiosta mar ghníomhaí ardúcháin*
- *samplaí de mhiasa ina n-úsáidtear giosta*
- *na príomhphointí ba chóir a leanúint lena chinntiú go n-éireoidh leis an mbácáil sa bhaile nuair a bhíonn giosta in úsáid*
- *mias roghnaithe* (*milis nó neamh-mhilis – ní mór giosta a bheith inti*).

**Na cineálacha giosta atá ar fáil:**
**Giosta úr / giosta cáca / comhbhrúite:** *dath uachtair béasa / donnliath éadrom air; bog agus briosc; boladh leanna air; comhbhrúite i mbloc de chealla giosta úra ina bhfuil tuairim 70% de mhaothas; seasann sé 2-3 seachtaine sa chuisneoir nó suas go dtí 2 mhí sa reoiteoir; déantar é a mheascadh le leacht bogthe; ba chóir dó eirí cúrach sula gcuirtear leis an bplúr é; úsáid 15g giosta úir do gach 450g plúr; etc.* **Giosta tirim***: ar fáil i saicíní réamhphacáilte, réamhthomhaiste; gráinní scothdhonna; baintear an chuid is mó den uisce as cealla an ghiosta sa phróiseas triomaithe; seasann sé suas le 6 mhí; níos comhdhlúite ná giosta úr; 7g triomaithe = 15g giosta úr; is giosta é a dteastaíonn bia, maothas agus teas uaidh sula gcuirtear le plúr é; cuma chúrach air; etc.* **Giosta tirim mearghnímh***: meascán de ghiosta tirim agus feabhsaitheoirí e.g. vitimín C a chuidíonn leis an bpróiseas coipthe a dheifriú agus leis an am éiritheach a laghdú; cuirtear díreach leis na comhábhair thirime é; ní theastaíonn ach ardú amháin uaidh; 7g do gach 450g plúr; etc.* **Tosaitheoir taois ghéir:** *is féidir é seo a chruthú trí phlúr agus uisce a mheascadh le chéile, atá in ann coipeadh a dhéanamh le giosta aeriompartha; féadfaidh giosta tráchtála a bheith ann chun an próiseas coipthe a dheifriú; coipeadh taois ag baint úsáide as lachtbhachaillíní a tharlaíonn go nádúrtha agus giosta; curtha le taos de réir mar is gá; déantar é a stóráil sa chuisneoir; is féidir é a thriomú; tugann sé blas ar leith d'arán taois ghéir – ó bhlas beag seirbhe go blas láidir géar; etc.*

**Na bunphrionsabail giosta sa bhácáil sa bhaile:**
**Coipeadh:** *briseann giosta síos an stáirse agus siúcra sa taos le $CO_2$, alcól agus fuinneamh a dhéanamh, a tharlaíonn i gcéimeanna agus a oibríonn ar ghníomhú na n-einsímí; tiontaíonn an einsím diastáis i bplúr stáirse ina mhaltós; tiontaíonn an einsím maltáis i ngiosta maltós ina ghlúcós; tiontaíonn an einsím inbhéartáis i ngiosta siúcrós ina ghlúcós agus ina fhruchtós; tiontaíonn an einsím síomáis i ngiosta glúcós agus fruchtós ina $CO_2$ agus ina alcól; aibíonn glútan agus éiríonn sé soshínte agus lingeach; etc.* **Ardú:** *leathnaíonn an taos agus ardaíonn sé i dtimpeallacht atá te; leathnaíonn $CO_2$ agus éiríonn sé ag brú an taois in airde; maraíonn* **teocht ard an oighinn** *an giosta agus stopann an próiseas ardaithe; galaíonn alcól agus téachtann glútan; athraíonn an stáirse dromchla go deistrin, a dhéanann crústa donn ar an taos; etc.*

**Samplaí de mhiasa a úsáideann giosta:** *arán giosta; croissants; taoschnónna; crosbhorróga; borróga Chelsea; píotsa; etc.*

**Príomhphointí ba chóir a chur san áireamh chun a dheimhniú go n-éireoidh le duine agus giosta á úsáid sa bhácáil sa bhaile:**
*Bain úsáid as an méid ceart giosta agus comhréir cheart de chomhábhair; cuireann siúcra bia ar fáil; féadfaidh salann fás an ghiosta a mhoilliú, féadfaidh an iomarca an giosta a mharú; bain úsáid as plúr láidir – an t-ábhar glútain ard*

*ann; cuireann vitimín C le luas an choipthe agus laghdaíonn am ardaithe faoi 1/3; sa chás go n-úsáidtear saill in oideas, cuir isteach beagán giosta breise; sáinníonn uibheacha aer i meascán agus cuidíonn siad chun táirge níos éadroime a chur ar fáil; oibríonn giosta níos fearr ag teocht te thart ar 20 – 27°C; tá fuineadh riachtanach chun an glútan sa phlúr a fhorbairt agus a shíneadh; scriostar giosta ag teochtaí níos airde ná 55°C; briseann an gearradh siar go dtí an méid bunaidh bolgóidí móra* $CO_2$ *síos ina mbolgóidí níos lú agus níos cothroime; múnlú taois; á choipeadh in áit lena mhéid a dhúbailt; déan é a choipeadh thar oíche sa chuisneoir; maraíonn teocht ard oighinn 220°C an giosta; etc.*

**Mias a roghnaíodh** - *caithfidh giosta bheith sa mhias roghnaithe (milis nó neamh-mhilis)*

**Measúnú** (riachtanais shainiúla an taisc)
**(a)** *cur i bhfeidhm* **(b)** *an buntáiste* ***nó*** *an míbhuntáiste a bhaineann le bheith ag bácáil sa bhaile le giosta* **(c)** *costas i gcomparáid le táirge tráchtála atá cosúil leis.*

**Réimse Cleachtais D: Airíonna Bia**
**Tasc 4**

| |
|---|
| *Tá an maranáidiú ar na bealaí is simplí le blas a chur ar bhia, agus is iad na rudaí is tábhachtaí a bhaineann le maranáid mhaith a dhéanamh ná comhábhair ar ardchaighdeán a chur le chéile agus an t-am.*<br>Déan taighde ar **gach** ceann díobh seo a leanas:<br>• Sainmhíniú ar an téarma 'maranáid' agus ar na cineálacha éagsúla maranáidí<br>• na cúiseanna a mbaintear úsáid as maranáidí nuair a bhíonn bia á ullmhú<br>• na bunphrionsabail a bhaineann le maranáidí a úsáid<br>• raon de mhiasa a léiríonn an úsáid a bhaintear as maranáidí éagsúla a ndearna tú iniúchadh orthu.<br>Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann **amháin** de na miasa a roghnaigh tú ina n-úsáidtear maranáid.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis an gcaoi ar éirigh leis an maranáid an cuspóir a bhaint amach. **2018** |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *sainmhíniú ar an téarma 'maranáid' agus ar na cineálacha éagsúla maranáidí*
- *cúiseanna a mbaintear úsáid as maranáidí nuair a bhíonn bia á ullmhú*
- *na bunphrionsabail a bhaineann le maranáidí a úsáid*
- *raon de mhiasa a léiríonn an úsáid a bhaintear as maranáidí éagsúla a ndearna tú iniúchadh orthu*
- *mias roghnaithe* (*caithfear úsáid a bhaint as maranáid a aithníodh sa taighde*).

**Fiosrúchán**
**Sainmhíniú ar an téarma 'maranáid':** *meascán d'ola, fíon, fínéagar, spíosraí, luibheanna nó comhábhair atá cosúil leo, ina ndéantar feoil, iasc agus bia eile a chur ar maos* (*ar bogadh*) *le cur leis an mblas nó chun é a dhéanamh bog; etc.*

**Na cineálacha maranáidí éagsúla agus raon de mhiasa a léiríonn an úsáid a bhaintear as gach maranáid a ndearnadh iniúchadh orthu:** ***Maranáid fhliuch / blastáin chuimilte fhliucha:*** *salann, ola agus aigéad measctha le taos tiubh a dhéanamh a ghreamaíonn leis an mbia agus a dhéanann é a chlúdach; etc.* ***Miasa:*** *sicín satae, muiceoil le paiprice uirthi, etc.* ***Maranáid thirim / blastáin chuimilte thirime:*** *meascán de luibheanna / spíosraí brúite / salann / mustard / siúcra le beagán ola, fínéagair / sú citris a dhéantar a chuimilt ar chraiceann an bhia, déantar an blas a chur ar bogadh sa bhia; etc.* ***Miasa:*** *maranáid d'easna mhairteola, sicín le gairleog agus marós, etc.* ***Maranáidí einsímeacha:*** *bunaithe ar thorthaí e.g. anann, papá, oráistí, figí, a dhéantar a chuimilt ar bhianna; etc.* ***Miasa:*** *easnaí glónraithe i bhfínéagar balsamach agus in oráistí, stéig chliatháin na hÁise, etc.* ***Maranáidí aigéid:*** *bonn leachta d'aigéad, ola, anlann soighe, luibheanna / spíosraí; briseann na haigéid síos an fíochán tacaíochta san fheoil; etc.* ***Miasa:*** *glasraí fréimhe maranáidithe, sicín Mharacó, etc.* ***Maranáidí sáile:*** *sáile tirim / sáile fliuch – sáinníonn tuaslagáin salainn / siúcra / sáile taise i mbia; etc.* ***Miasa:*** *luan muiceola faoi sháile mailpe, etc.* ***Maranáidí déiríochta:*** *bláthach, iógart etc.; níl siad chomh láidir le maranáid aigéid; gníomhachtaíonn cailciam na heinsímí chun an dínádúrúchán a spreagadh; etc.* ***Miasa:*** *ceibeabanna sicín tandoori, sicín tikka masala, etc.*

**Cúiseanna le maranáidí a úsáid:** *cuirtear le blas an bhia; cuirtear feabhas ar cé chomh bog agus atá an bia; tá siad saor mar is féidir gearrthacha níos saoire d'fheolta a úsáid; cuirtear feabhas ar an mblas a bhíonn ar ghearrthacha d'fheolta nach bhfuil chomh tarraingteach sin; bíonn éagsúlacht i gceist leis an mias; laghdaítear an méid taise a chailltear agus bíonn an bia níos súmhaire; chun fad a chur leis an seilfré; bíonn an bia níos sláintiúla dá bharr; etc.*

**Na bunphrionsabail a bhaineann le húsáid maranáidí:** *tugann spíosraí, gairleog, luibheanna, oinniún etc.* ***blas****; caithfidh an bia a bheith clúdaithe go hiomlán sa mharanáid ionas gur féidir léi oibriú ar an gcraiceann atá nochta; iompraíonn ola blas na mblastanas isteach sa bhia; déanann aigéid e.g. súnna citris, fíon, fínéagar, iógart, etc. na slabhraí próitéine agus na fíocháin tacaíochta a bhriseadh síos, rud a dhéanann na snáithíní feola níos* ***boige****; e.g. coinníonn olaí e.g. ola seasamain, ola lus na gréine, ola olóige etc. taise i bhfeoil, mar sin bíonn an táirge cócaráilte níos súmhaire mar cailltear níos lú taise i rith na cócarála; déanann iógart feoil bog agus cruthaítear crústa ar an mbia fad a bhíonn sé á chócaráil; bíonn tréimhse maranáidithe níos giorra ag teastáil ó ghearrthacha feola atá níos lú nó bianna atá níos boige ar nós iasc nó glasraí etc.; déantar é a dhéanamh níos boige (tenderisation) de bharr comhábhar aigéid e.g. seiris, fínéagar fíona, anlann soighe; briseann an aigéadacht seo síos na snáithíní matáin agus fíochán tacaíochta san fheoil; etc.*

**Mias a roghnaíodh –** *caithfear an úsáid a bhaintear as maranáid a aithníodh sa taighde a léiriú*

**Measúnú** (mar a shonraítear sa tasc)

**(a)** *cur i bhfeidhm* **(b)** *conas a d'éirigh leis an maranáid an cuspóir a bhí i gceist aici a bhaint amach e.g. an bia a dhéanamh bog, é a dhéanamh tais, blas a chur leis, etc.*

**Réimse Cleachtais E: Anailís Chomparáideach agus Anailís Chéadfach san áireamh**
**Tasc 5**

> *Tá réimse leathan iógart ar fáil ar mhargadh bia na hÉireann a shásaíonn dúil gach duine agus a shásaíonn gach riachtanas cothaithe.*
>
> Déan taighde ar na brandaí agus ar na blasanna éagsúla iógairt atá ar fáil.
> Agus **dhá** bhranda éagsúla iógairt in úsáid agat, an blas céanna ar an dá cheann, déan **tástáil roghnachais phéirithe** le fáil amach cén branda iógairt is fearr leis an rang-ghrúpa.
> Déan measúnú ar an tasc i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis na torthaí a fuarthas ar an tástáil.
> **2018**

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *taighde ar na cineálacha iógairt atá ar fáil* (*i.e. brandaí agus blasanna*)
- ***tástáil roghnachais phéirithe***
- *coinníollacha le rialú i rith na tástála*
- ***do rogha táirgí*** (*brandaí difriúla d'iógairt, an blas céanna*)

**Fiosrúchán** **= 24**

- Taighde / Fiosrúchán ar tháirgí a bheadh oiriúnach don tástáil
  *i.e. déan fiosrúchán ar na cineálacha iógairt atá ar fáil i.e. brandaí agus blasanna.*

- ***Tástáil roghnachais phéirithe***

***Cur síos:*** *tugtar dhá shampla d'iógairt* (*dhá bhranda éagsúla, agus an blas céanna acu*) *agus roghnaíonn na tástálaithe an táirge is fearr leo.*
***Aidhm na tástála:*** *lena fháil amach cé acu an ceann den dá shampla iógairt is fearr leis na tástálaithe*
***Torthaí féideartha****: agus na samplaí iógairt á mblaiseadh ba chóir go mbeadh sé soiléir cé acu an ceann is fearr leis na tástálaithe.*

**Na coinníollacha atá le rialú i rith na tástála a shainaithint**
*Coinníollacha a bhaineann go sonrach leis an tasc e.g. méid, cruth agus dath na gcoimeádán a úsáidtear don tástáil; teocht na samplaí; mórán an méid céanna i ngach sampla; códú na samplaí; sláinteachas; uainiú; an áit a ndéantar an tástáil; tosca maidir le haiste bia; etc.*

- **An mhias / táirge a roghnaíodh**
  ***Táirgí roghnaithe*** **= 4**

**Foinsí:** ***2 @ 2 mharc*** **= 4**

**Ullmhúchán agus Pleanáil**

- **Acmhainní** **= 8**
- **An príomhthrealamh a theastaíonn leis an tasc a dhéanamh**

**Tástáil Roghnachais Phéirithe:** *6 thráidire; 6 ghloine uisce; 12 choimeádán códaithe; 6 sampla d'iógart A; 6 sampla d'iógart B; 6 chárta scórála; bileoga taifid; peann; etc.*
(*déantar líon na n-uimhreacha a oibriú amach de réir mhéid an ghrúpa tástála*)

**Cur i bhFeidhm** **= 16**

**Nós imeachta a leantar agus an ghné seo den tasc á chur i gcrích**
*Ba chóir ord iomlán an chur i bhfeidhm a thabhairt agus torthaí na tástála a chur i láthair, i.e.*

**Tástáil roghnachais phéirithe (dhá tháirge)**
*Déantar códú ar choimeádáin leis an siombail □ agus siombail ◊; cuirtear na samplaí d'iógairt i ngach coimeádán; ullmhaítear na tráidirí, coimeádán amháin ar gach tráidire le lipéad leis an tsiombail □, coimeádán amháin leis an tsiombail ◊; leanann tástálaithe treoracha ar chártaí scórála; déantar gach sampla a bhlaiseadh; léirítear an ceann is fearr leo ach tic a chur leis an sampla is fearr leo ar an mbileog; bailíonn an duine a dhéanann an taifeadadh na cártaí scórála agus cuirtear na torthaí ar bhileog taifead atá ullmhaithe; déantar líon na dticeanna do gach táirge a ríomh; nochtar na cóid agus cuirtear na torthaí i láthair; is féidir na torthaí a chur i láthair ar bharrachairt / píchairt / tábla; cuirtear cuí ar gach rud; déantar gach rud a ní; déantar measúnú ar na torthaí; etc.*

- **Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh (*aon 2 cheann @ 4 mharc an ceann*)** **= 8**

*Ar na príomhchúinsí is féidir a chur san áireamh lena chinntiú go n-éireoidh leis an tasc seo tá - coinníollacha le* ***rialú*** *i rith na tástála; códú; an rogha iógart a úsáidtear; teocht na samplaí; aonfhoirmeacht na samplaí don tástáil; méideanna dóthanacha; gloine uisce / nó brioscóg thirim ar fáil chun an blas a ghlanadh den charball; an tábhacht le ciúnas iomlán i rith na tástála; cóid ar gach tráidire le bheith mar an gcéanna i gcónaí; níor chóir cóid a úsáid chun claontacht a spreagadh i measc na dtástálaithe; níor chóir baint a bheith ag na tástálaithe le códú ná le hullmhú samplaí ná leis na torthaí a eagrú; etc.*
**(*ní mór do na príomhchúinsí tagairt a dhéanamh don tástáil iarbhír a rinneadh*)**

- **Sábháilteacht agus sláinteachas**
  **(sábháilteachta: *1 @ 2 mharc an ceann,* sláinteachais: *1 @ 2 marc an ceann*)** **= 4**

***Sábháilteacht****: seiceáil an dáta ar na iógairt le nimhiú bia a sheachaint; stóráil na n-iógart; ailléirge a bheith ar thástálaithe – táirgí le cnónna etc.; aistí bia speisialta e.g. éadulangach ar lachtós; etc.*
***Sláinteachas:*** *an dea-chleachtas maidir leis an ionad ullmhúcháin agus maidir leis an ionad tástála; úsáid a bhaint as spúnóga ar leith le gach sampla a thástáil le truailliú a sheachaint; láimhseáil samplaí – lámhainní plaisteacha / gloiní indiúscartha a úsáid; etc.*

**Measúnú (*3 phointe @ 4 mharc an ceann*)** **= 12**

- **Cur i bhfeidhm**

*Na modhanna tástála a úsáidtear; na príomhchúinsí agus an tástáil á cur i gcrích; saincheisteanna sábháilteachta agus sláinteachais a cuireadh san áireamh; fadhbanna a bhí ann agus moltaí maidir le réitigh orthu; éifeachtúlacht ord na hoibre a mheasúnú; etc.*

- **Riachtanas shainiúla an taisc**

*Ba chóir do scoláirí measúnú a dhéanamh ar na torthaí ar an tástáil roghnachais phéirithe agus roinnt tátal a bhaint astu. Ba chóir anailís a dhéanamh ar na cúinsí a fuarthas a bheadh ionchur acu ar thorthaí na tástála.*

***Aguisín 1***

# Treoracha Ginearálta do scrúdaitheoirí maidir le bronnadh marcanna

1. Riachtanais an scrúdaithe:
   Tá sé de cheangal ar iarrthóirí taifead ar aon **cheithre** thasc a chur i gcrích agus a chur i láthair lena scrúdú.

2. Caithfidh gníomhaíochtaí praiticiúla éagsúla a bheith i ngach tasc sa Staidéar Bia.
   **Má dhéanann iarrthóir gníomhaíocht phraiticiúil in athuair don dara tasc**, marcálfaidh an scrúdaitheoir an ghníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta mar a chuirtear i láthair í agus dícheadóidh sé/sí na marcanna a bhronntar as an ngníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta is ísle marc.

3. **Má chríochnaíonn iarrthóir an fiosrúchán agus/nó an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an cur i bhfeidhm,** marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna as **measúnú an chur i bhfeidhm**, áfach, áit a dtugtar faoi sin.
   Maidir leis na Tascanna 3, 4 agus 5, dícheadófar **measúnú ar shainriachtanais** freisin.

4. **Má chríochnaíonn iarrthóir an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó an cur i bhfeidhm agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an fiosrúchán**, marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar marcanna as **measúnú ar shainriachtanais an taisc**, áfach, áit a dtugtar faoi sin.

5. **Mura sainítear an mhias/táirge a ullmhaíodh san fhiosrúchán,** ach má chomhlíonann sé riachtanais an taisc, bain an marc ábhartha a bhronntar (-1/-2/-4) faoi bhéilí/miasa/táirgí san fhiosrúchán.

6. Mura léiríonn an mhias roghnaithe ach **beagán scileanna próiseála** – marc *pro rata*.

7. **Mura bhfuil an mhias roghnaithe ag teacht go hiomlán** leis na riachtanais, e.g.
   - Mias ***gan chócaráil*** roghnaithe nuair a sonraíodh mias chócaráilte
   - Mias ***nach bhfuil oiriúnach do riachtanais an taisc*** – *Tasc 2*
   - ***An modh a fiosraíodh gan a bheith in úsáid agus an mhias roghnaithe á déanamh*** – *Tasc 3 agus 4*
   - Mias roghnaithe ina mbaintear ***ró-úsáid as bianna áise***

   ***Bain 8 marc ón marc iomlán a bronnadh as an tasc agus cuir isteach míniúchán mar a léirítear thuas.***

8. **Mias nach gcomhlíonann riachtanais an taisc,** e.g. milseog a ullmhaíodh in áit príomhchúrsa; ní bhronnfar marc ar bith.

Leathanach Bán

Leathanach Bán